



Athbhreithniú 2019 ar Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe

*Údarás Náisiúnta Iompair
Dún Scéine
Cúirt Iveagh
Lána Fhearchair
Baile Átha Cliath 2*

Lúnasa 2019

Achoimre Fheidhmeach

Cúlra

Thug an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe an struchtúr maidir le hUastáillí Náisiúnta Tacsaithe isteach i mí Mheán Fómhair 2006, lenar cuireadh struchtúr aontaithe taraife i bhfeidhm ar gach tacsáí in Éirinn. Ó shin i leith, déantar Athbhreithniú ar Uastáillí Náisiúnta Tacsáí tuairim is gach dara bliain chun measúnú a dhéanamh ar aon choigeartuithe ar athruithe ar na costais oibriúcháin agus ar thimpeallacht an mhargaidh a bhíonn roimh an tionscal tacsáí. Is é an t-Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) atá freagrach as cur i bhfeidhm an athbhreithnithe ó 2011.

Tugtar mionsonraí faoi chur chuige agus faoi thorthaí an Athbhreithnithe 2019 ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí (an tAthbhreithniú Uastáille). Rinneadh an t-athbhreithniú seo i mí Iúil agus i mí Lúnasa 2019.

Cuspóirí an Athbhreithnithe Uastáille 2019

Is iad cuspóirí an Athbhreithnithe Uastáille 2019:

- An meánleibhéal gníomhaíochta tacsaithe i mbliain a thomhais, bunaithe ar shonraí ó shuirbhéanna agus ar shonraí ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO).
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) a nuashonrú, lena n-áirítear costas seasta bliantúil agus costais reatha thacsáí caighdeánach, bunaithe ar leibhéal ghníomhaíochta sainithe chomh maith le costais saothair (bunaithe ar shonraí ón CSO)
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an struchtúir táillí reatha.

Moltaí ó Athbhreithnithe Roimhe Seo

Moladh san athbhreithniú i 2010 gan aon athrú a dhéanamh ar an uastáille. Moladh san athbhreithniú in 2012 ardú de thart ar 4% a chur i bhfeidhm ar tháillí, i dteannta le simpliú an struchtúir táillí, ach níor cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm. Moladh in athbhreithniú 2014 laghdú a dhéanamh ar an táille thosaigh (an fad agus an méid ama atá san áireamh a laghdú), caighdeánú ar an gcóras ardrátaí agus Taraif C a chealú (chuir Taraif C ráta ardaithe i bhfeidhm ar thurais os cionn 30km nó 85 nóiméad), chomh maith le hardú foriomlán 4% ar tháillí. Chuir an NTA na hathruithe sin i bhfeidhm in Aibreán 2015. Moladh san Athbhreithniú Uastáille deiridh in 2017 an uastáille a ardú bunaithe ar thoradh go raibh ardú tagtha ar chostais agus gur cuireadh meánardú 3.2 faoin gcéad ar tháillí dá bharr i bhFeabhra 2018.

Staid an Mhargaidh in 2019

Tugtar le fios ó thorthaí shuirbhé náisiúnta ar theaghlaigh a choimisiúnaigh an NTA go bhfuil an t-éileamh ar sheirbhísí tacsáí sách cobhsaí ó rinneadh an tAthbhreithniú Táille deiridh. Mar sin féin, tá fás mór tagtha ar an ngeilleagar, tá laghdú tagtha ar an leibhéal dífhostaíochta agus tá méadú tagtha ar chaiteachas tomhaltóirí idir an dá linn agus tá impleachtaí dearfacha aige sin don tionscal tacsaithe. Tá sé tuartha ag réamhaisnéisí reatha an rialtais go leanfar leis an treocht seo d'fhás eacnamaíoch sna blianta amach romhainn, cé go bhféadfadh cúlú teacht ar an treocht sin sa chás go dtiocfadh athrú tobann ar chúinsí eacnamaíochta, lena n-áirítear Breatimeacht mí-ordúil. Cé go raibh na treochtaí caiteachais tomhaltóirí dearfach, tríd is tríd, le blianta beaga anuas, tá meathlú leanúnach ag teacht ar an Innéacs Seintimint Custaiméirí ó 2018 agus tá moilliú tagtha ar an Innéacs Miondíolacháin ó 2018.

Aontaíonn beagnach trí cheathrú den phobal (71%) go gcuireann tacsaithe seirbhís mhaith ar fáil de ghnáth agus d'aontaigh leath de na daoine sa suirbhé gur luach maith ar airgead iad tacsaithe, go ginearálta.

D'fhan ochtó dó faoin gcéad de na húsáideoirí tacsáí a ndearnadh suirbhé orthu deich nóiméad nó níos lú ar thacsáí an t-am deiridh ar úsáid siad ceann. Níor léirigh torthaí an tsuirbhé difríocht shuntasach idir agaí fanachta sa lá agus san oíche.

Innéacs Costas Tacsaithe – Modheolaíocht

Bhí Athbhreithniú Uastáille 2019 ag teacht le modheolaíocht na nAthbhreithnithe Uastáille in 2014 agus in 2017, den chuid is mó. Mionathrú ar an modheolaíocht san Athbhreithniú Uastáille seo is ea costais mheasta a chur san áireamh, a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar thabhairt isteach riachtanais nua maidir le deis a thabhairt do gach custaiméir íoc le cárta trí bhíthin teirminéal cárta a úsáid. Faoi láthair, ní ghlacann ach roinnt tacsaithe le híocaíocht sa charr trí bhíthin cártaí dochair agus creidmheasa. Is cuí, mar sin, scrúdú a dhéanamh ar an ngá le sainordú a dhéanamh go nglacfaí le híocaíocht le cárta d'aistir tacsaithe. Bhí measúnú ar na gnéithe, ar na boinn tuisceana agus ar an modheolaíocht a úsáideadh san Innéacs Costas Tacsaithe cuimsithe in Athbhreithniú 2014.

Innéacs Costas Tacsaithe - Torthaí

Athbhreithníodh uastáillí i ndiaidh athbhreithniú 2017, agus mar sin, ba bhliain ábhartha í 2017 ó thaobh comparáidí maidir leis an Innéacs Costas Tacsaithe de. Nuair a dhéantar meastachán ar an míleáiste bliantúil nó ar na 'leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe' de **29,951km**, bunaithe ar shonraí ón CSO do 2018 (a úsáideadh do TCI 2019) agus **32,624km** do 2016 (a úsáideadh do TCI 2017), is é **5.04 faoin gcéad** an t-ardú ar an innéacs. Mar ab amhlaidh i mblianta roimhe seo, ríomhadh an t-athrú ar an TCI bunaithe ar na meánleibhéil ghníomhaíochta a thuairiscigh tiománaithe tacsaithe, arbh ionann iad agus **49,000km** in 2017 agus **42,000km** in 2019. Tá ardú **4.18 faoin gcéad** tagtha ar chostais bunaithe ar leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe sa tsuirbhé. Dá bharr sin, meastar go bhfuil ardú tuairim is 4.5 faoin gcéad tagtha ar chostais.

Moladh

Moltar ardú tuairim is **4.5 faoin gcéad** ar an meán a chur ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí mar fhreagairt ar an ardú ar na costais oibriúcháin atá ar thiománaithe tacsaithe de réir an athraithe sa TCI.

Clár an Ábhair

Achoimre Fheidhmeach	Error! Bookmark not defined.
Clár an Ábhair.....	iv
1. Réamhrá.....	Error! Bookmark not defined.
1.1 Cúlra	Error! Bookmark not defined.
1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe	Error! Bookmark not defined.
1.3 Struchtúr na Tuarascála	1
2. Cúlra Athbhreithniú Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019	Error! Bookmark not defined.
2.1 Forléargas ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann.....	Error! Bookmark not defined.
2.2 An tUastáille Náisiúnta Tacsáí.....	Error! Bookmark not defined.
2.3 Athbhreithnithe ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí Roimhe Seo	Error! Bookmark not defined.
3. Staid Reatha an Mhargaidh.....	Error! Bookmark not defined.
3.1 Réamhrá.....	Error! Bookmark not defined.
3.2 Timpeallacht Eacnamaíoch	Error! Bookmark not defined.
3.3 Éileamh Margaidh	Error! Bookmark not defined.
3.4 Soláthar Margaidh	Error! Bookmark not defined.
3.5 Staid an Mhargaidh ag an struchtúr reatha táillí.....	Error! Bookmark not defined.
3.6 Achoimre ar Threochtaí maidir le hÉileamh agus Soláthar Margaidh	Error! Bookmark not defined.
4. An tInnéacs Costas Tacsaithe.....	Error! Bookmark not defined.
4.1 Cúlra	Error! Bookmark not defined.
4.2 Cuspóirí agus struchtúr an Innéacs.....	Error! Bookmark not defined.
4.3 Cur chuige i dtreo an Innéacs Costas Tacsaithe a ríomh	Error! Bookmark not defined.
4.4 Príomhbhoinn Tuisceana	Error! Bookmark not defined.
4.4.1 Leibhéal Ghníomhaíochta	Error! Bookmark not defined.
4.4.2 Costais Saothair	Error! Bookmark not defined.
4.4.3 Cineálacha Cairr	Error! Bookmark not defined.
4.4.4 Cineál Breosla	Error! Bookmark not defined.
4.4.5 Glacadh Sainordaitheach le Cátaí Íocaíochta	Error! Bookmark not defined.
4.5 An tInnéacs Costas Tacsaithe 2019.....	28
4.5.1 Costais Reatha.....	Error! Bookmark not defined.
4.5.2 Costais sheasta.....	Error! Bookmark not defined.
4.5.3 Costais Saothair	Error! Bookmark not defined.
4.5.4 Costais Iomlána	Error! Bookmark not defined.
4.6 Achoimre agus Conclúid	Error! Bookmark not defined.
5. Conclúidí agus Moltaí.....	35
5.1 Táillí.....	Error! Bookmark not defined.
5.2 Bheith ar Fáil san Oíche	Error! Bookmark not defined.
5.3 Athchóiriú ar an Struchtúr Táillí.....	Error! Bookmark not defined.
Aguisín A – Meastachán a dhéanamh ar Leibhéal Ghníomhaíochta	Error! Bookmark not defined.
Meastachán a dhéanamh ar Leibhéal Ghníomhaíochta bunaithe ar shonraí ón CSO.....	Error!
Bookmark not defined.	
Meastachán a dhéanamh ar Leibhéal Ghníomhaíochta bunaithe ar Shuirbhé 2019 ar	
Thiománaithe (Ualú Samplach).....	Error! Bookmark not defined.
Aguisín B – Comparáid le hInnéacsanna Costas Tacsaithe roimhe seo ...	Error! Bookmark not defined.

1. Réamhrá

1.1 Cúlra

Thug an Coimisiún Um Rialáil Tacsaithe isteach an Struchtúr Uastáille Náisiúnta Tacsai i mí Mheán Fómhair 2006, a chuir struchtúr aontaithe taraife i bhfeidhm ar gach tacsai in Éirinn. Ó shin, déantar athbhreithniú ar an uastáille timpeall gach dhá bhliain, chun aon choigeartú maidir le hathruithe ar na costais oibriúcháin a mheas chomh maith le timpeallacht an mhargaidh atá i ndán don tionscal tacsaithe. Is é an t-Údarás Náisiúnta Iompair (NTA) atá freagrach as na hAthbhreithnithe Uastáille a dhéanamh ó bhí 2011 ann.

Sonraítear sa tuarascáil seo cur chuige agus torthaí an Athbhreithniú Uastáillí i 2019 Náisiúnta Tacsaithe (an t-Athbhreithniú Uastáillí). Ba i Iúil agus Lúnasa 2019 a rinneadh an t-athbhreithniú seo.

1.2 Cuspóirí an Athbhreithnithe

Is iad cuspóirí an Athbhreithnithe Táillí 2019:

- Meastachán a dhéanamh ar mheánleibhéal gníomhaíochta tacsaithe i gcaitheamh bliana bunaithe ar shonraí ó shuirbhé agus ón bPríomhoifig Staidrimh (CSO).
- Gach gné den Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) a nuashonrú, lena n-áirítear costais bhliantúla seasta agus reatha ghnáth-thacsaí, bunaithe ar na leibhéil ghníomhaíochta a cinneadh, i gcomhar leis na costais saothair (bunaithe ar shonraí ón CSO)
- Measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht an struchtúir reatha táillí.

1.3 Struchtúr na Tuarascála

Tá struchtúr na tuarascála seo mínithe thíos:

- Soláthraíonn Cuid 2 comhthéacs don Athbhreithniú Táillí reatha.
- Míníonn Cuid 3 forbairtí sa margadh le déanaí ó thaobh an tionscail, lena n-áirítear breac-chuntas ar staid an gheilleagair níos leithne, agus ar shaintréithe an tsoláthair agus an éilimh atá le tabhairt faoi deara i margadh na hÉireann.
- Tá atháireamh ar an TCI i gCuid 4. Úsáidtear torthaí an TCI chun athruithe ar chostais oibriúcháin an tionscail ó 2017 a shocrú.
- Tugann Cuid 5 conclúidí agus moltaí maidir le leibhéal na huastáille.

2. Cúlra Athbhreithniú Uastáillí Náisiúnta Tacsaithe 2019

2.1 Forléargas ar Thionscal Tacsaithe na hÉireann

Tá an tionscal Feithiclí Beaga Seirbhíse Poiblí (SPSV) i bPoblacht na hÉireann comhdhéanta de hacnaithe, limisíní agus tacsaithe. Tá beagnach 21,000 SPSV in Éirinn, an t-ochtú flít náisiúnta SPSV is mó san Eoraip ó thaobh uimhreacha de; is é sin, tuairim agus 4.3 SPSV in aghaidh an 1,000 duine. Is í an Bhreatain Mhór an t-aon tír a bhfuil níos mó aice - 4.4 in aghaidh an 1,000 duine. De ghnáth, bíonn níos mó feithiclí SPSV le fáil sna cathracha móra. Is amhlaidh an cás in Éirinn, áit a bhfuil 8 SPSV in aghaidh an 1,000 duine i mBaile Átha Cliath agus 3 cinn in aghaidh an 1,000 duine, ar an meán, in áiteanna eile sa tír.

Baineann an tAthbhreithniú Uastáillí leis an bhflít tacsaithe amháin, atá comhionann le 83 faoin gcéad den fhlít SPSV in Éirinn. San áireamh sa fhlít tacsaithe tá gnáthfeithiclí agus feithiclí lán-inrochtana (FAV, e.g. feithicil atá deartha nó cóirithe chun paisinéir a úsáideann cathaoir rothaí a iompar) agus is do tacsaithe de gach cineál a dhéantar tagairt áit ar bith a luaitear 'tacsaithe' sa tuarascáil seo, mura luaitear a mhalairt. Tháinig ardú ar an líon tacsaithe go dtí buaicphointe 21,213 fheithicil in 2008 agus ansin tháinig íslíú ar an méid go dtí 16,961 i mí na Nollag 2017. Mar sin féin, tá ardú tagtha ar an líon tacsaithe ó 2017, agus bhí 17,167 tacsáí san fhlít amhail Aibreán 2019. As na tacsaithe sin, ba FAVanna 13 faoin gcéad díobh. Tabharfar tuairisc níos mionsonraithe i gCuid 3.4 ar an soláthar tacsaithe.

Tá an NTA freagrach as rialáil an tionscail SPSV in Éirinn. Cuimsíonn an fhreagracht seo táillí tacsáí a rialáil. Ghlac sé an ról seo ón gCoimisiún um Rialáil Tacsaithe in 2011. Tá an creat rialála don tionscal comhdhéanta de na hAchtanna Um Rialáil Tacsaithe 2013 agus 2016 comhdhlúite, i gcomhar leis na Rialacháin maidir le Rialáil Tacsaithe (Beagfeithicil Seirbhíse Poiblí) 2015 agus 2016 agus an tOrdú fán Acht um Rialáil Tacsaithe 2013 (Uastáillí) 2017.

An réasúnaíocht le rialáil SPSV ná a chinntiú go mbeidh feithicil shábháilte ag paisinéirí dá dturas, feithicil a bhfuil árachas cuí aici, á tiomáint ag tiománaí a bhfuil grinnfhiosrúchán déanta aige/aici ag an nGarda Síochána, agus i gcás tacsaithe, a bhfuil córas muirearaithe réamhbhunaithe agus fíoraithe aici. Is é an NTA an t-údarás ceadúnúcháin do SPSVanna agus oibreoirí seachadta (soláthróirí seirbhíse áirithinte). Áirítear leis sin ceadúnas gach feithicle agus gach oibreora seachadta a dheonú, a athnuachan agus a chúlghairm, chomh maith leis an ngníomhaíocht ghaolmhar uile maidir le ceadúnú, cigireacht agus comhlíonadh.

2.2 An tUastáille Náisiúnta Tacsaithe

Ba é an Coimisiún um Rialáil Tacsaithe a bhunaigh struchtúr na hUastáille Náisiúnta Tacsáí i mí Mheán Fómhair 2006. Roimhe sin, bhí struchtúir difriúla i bhfeidhm i 34 cheantar tacsaiméadair ar leith. Leis an Uastáille Náisiúnta Tacsaithe cruthaítear struchtúr réamhbhunaithe agus fíoraithe muirearaithe, lena gcuirtear trédhearcacht agus cinnteacht ar fáil ó thaobh táillí a ríomh. Tá sin beartaithe cosaint a bhaint amach do thomhaltóirí maidir le praghsanna agus cothroime a chinntiú idir an pobal a bhíonn ag taisteal agus tiománaithe. Leis an bpróiseas trédhearcach sin, tugtar cinnteacht do thiománaithe, rud a thugann deis dóibh cinntí gnó a dhéanamh.

Áirítear ar chuspóirí eile a leagadh amach san Uastáille Náisiúnta Tacsáí tá gur chóir do tháillí a bheith simplí agus bunaithe ar bhonn ama agus achair ach méadar réamhchláraithe a úsáid, agus gach breiseán le bheith san áireamh san uastáille a ríomhtar agus go mbeadh siad le feiceáil ar an méadar agus ar an admháil a eisítear. I measc na mbreiseán sin tá táille áirithinte €2 sa chás go

ndéantar an tacsáí a chur in áirithe roimh ré, is é sin, nach bhfaightear é ag stad tacsaithe ná nach stophtar é ar an tsráid, agus gearrtar €1 ar gach paisinéir lánfhásta breise.

Áirítear san Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha táille sheasta tosaigh, agus dhá bhanda taraife atá bunaithe ar an achar a théitear. Bíonn éagsúlacht i gceist leo sin bunaithe ar an am den lá a dtógtar an turas: gearrtar ráta caighdeánach ar thurais idir 8am agus 8pm ach amháin ar an Domhnach / ar laethanta saoire poiblí, agus gearrtar ardráta ar thurais idir 8am agus 8pm nó ar thurais ar an Domhnach / ar laethanta saoire poiblí. Bíonn ardráta speisialta i bhfeidhm i rith thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana.

Léirítear an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha i bhFíor 2.1.

Fíor 2.1: An Uastáille Náisiúnta Tacsáí Reatha

		Initial Charge	Tariff A	Tariff B
		<i>Up to 0.5 km or 85 secs</i>	<i>Next 14.5 km or 41 mins</i>	<i>Thereafter</i>
Standard Rate <i>(displayed as 1 on the taximeter)</i>	8am to 8pm Monday to Saturday (except public holidays)	€3.80	€1.14 per km or €0.40 per minute Up to total €20.40	€1.50 per km or €0.53 per minute
Premium Rate <i>(displayed as 2 on the taximeter)</i>	8pm to 8am Monday to Saturday, all day Sundays, most public holidays	€4.20	€1.45 per km or €0.51 per minute Up to total €25.40	€1.80 per km or €0.64 per minute
Special Premium Rate <i>(displayed as 3 on the taximeter)</i>	8pm 24 December to 8am 26 December, 8pm 31 December to 8am 1 January	€4.20	€1.80 per km or €0.64 per minute	

Foinse: An tÚdarás Náisiúnta Iompair

2.3 Athbhreithnithe ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí Roimhe Seo

Roimh 2014, bhí trí bhanda taraife sa struchtúr uastáillí. Bhí Taraif A i bhfeidhm leis an gcéad 14km/40 nóiméad i ndiaidh na táille tosaigh. Bhí Taraif B i bhfeidhm leis an gcéad 15km/42 nóiméad eile. Bhí Taraif C i bhfeidhm leis an méid taisteal uile os cionn 30km/85 nóiméad.

Moladh san Athbhreithniú Uastáille 2010 nár chóir aon athrú a chur ar tháillí 2008. Mar sin féin, moladh go ndéanfaí machnamh ar dheireadh a chur le Taraif C chun an struchtúr táillí a shimpliú.

Moladh san Athbhreithniú Uastáille 2012 ardú circa 4 faoin gcéad a chur ar tháillí, chomh maith leis an struchtúr táillí a shimpliú. Moladh deireadh a chur le Taraif C agus an táille tosaigh a ísliú. Mar thoradh ar chomhairliúchán leis an bpobal agus leis an tionscal in 2012, níor cuireadh na moltaí sin i bhfeidhm.

Is mar thoradh ar an Athbhreithniú Uastáille a rinneadh in 2014, go mór, an struchtúr táillí reatha. Moladh san Athbhreithniú Uastáille a rinneadh in 2014 ardú tuairim is 4 faoin gcéad, a chur ar tháillí, chomh maith leis an struchtúr táillí a shimpliú. Na hathruithe a moladh ná deireadh a chur le Taraif C, an táille tosaigh a ísliú agus soiléiriú a thabhairt maidir leis an gcóras ardrátaí d'obair san oíche, ar an deireadh seachtaine agus i rith thréimhse na Nollag agus na hAthbhliana. Chuir an NTA na hathruithe sin i bhfeidhm in Aibreán 2015.

Tá an Uastáille Náisiúnta Tacsáí reatha i bhfeidhm ó mhí Feabhra 2018, nuair a cuireadh ardú de mheánmhéid 3.22 faoin gcéad ar tháillí. Cuireadh an t-ardú sin i bhfeidhm i ndiaidh an tAthbhreithniú Uastáille 2017 a thabhairt chun críche, ina bhfuarthas go raibh ardú tagtha ar chostais idir 2014 agus 2016. Níor moladh athrú ar bith ar an struchtúr táillí foriomlán mar chuid d'Athbhreithniú Uastáille 2017.

3. Staid Reatha an Mhargaidh

3.1 Réamhrá

Sa chuid seo den tuarascáil leagtar amach na treochtaí reatha maidir le héileamh agus soláthar i margadh na dtacsaithe. Tá sé rithábachtach staid an mhargaidh reatha a thuiscint chun cinnteoireacht eolasach a dhéanamh maidir le cúrsaí beartais, mar sin leagtar amach i gCuid 3.2 forléargas gairid ar an timpeallacht eacnamaíoch reatha in Éirinn. Bíonn tionchar ag na cúinsí eacnamaíochta ginearálta, amhail fostaíocht agus caiteachas tomhaltóirí, ar an éileamh ar thacsaithe, agus breithnítear sa chuid seo an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag treochtaí eacnamaíochta ar an tionscal tacsáí.

Chun tuiscint a fháil ar dhearccháí lucht úsáide tacsaithe, rinneadh suirbhé náisiúnta ar chustaiméirí tacsaithe i Meitheamh/Iúil 2019, agus fiosraíodh na pátrúin éilimh ar sheirbhísí tacsáí in 2019. Cuirtear na príomhthorthaí ón suirbhé seo i láthair i gCuid **Error! Reference source not found.**, rud a thugann léargas luachmhar ar iompar custaiméirí chomh maith le treochtaí in éileamh agus dearccháí custaiméirí.


I gCuid **Error! Reference source not found.**, scrúdaítear an soláthar seirbhísí tacsáí le sonraí ón NTA agus le torthaí ó shuirbhé náisiúnta ar thiománaithe tacsaithe, suirbhé a rinneadh i Meitheamh/Iúil 2019 freisin. B'ionann an suirbhé sin agus ceann a rinneadh in 2017, agus tugadh athruithe ar dhearccháí/iompar tiománaithe ar aird.

Ar deireadh, tugtar mionsonraí i gCuid **Error! Reference source not found.** ar dhearccháí tomhaltóirí ar sheirbhísí tacsáí agus ar an struchtúr táillí reatha.

3.2 Timpeallacht Eacnamaíoch

Go ginearálta, tagann fás eacnamaíoch le hardú ar an éileamh ar iompar poiblí, mar a léirítear i bhFíor 3.1 i gcás sheirbhísí bus agus iarnróid. Má bhíonn níos mó daoine ag obair, déanfar níos mó turas comaitéireachta dá bharr, agus má bhíonn ioncam indiúscartha níos airde ag daoine, tiocfaidh ardú ar an líon turas a bhaineann le gníomhaíochtaí fóillíochta agus sóisialta.

Fíor 3.1: Paisinéirí Iompair Phoiblí (Bus agus Iarnród) agus Olltáirge Náisiúnta, 2010-2018




[Paisinéirí Iompair Phoiblí]

Foinse: Staitisticí an NTA maidir le Bus agus Iarnród, 2019; Cuntais Náisiúnta Ráithiúla an CSO, 2019.

Fás Eacnamaíoch

Tharla fás eacnamaíoch láidir in Éirinn le trí bliana anuas, idir 2016 agus 2019, tháinig laghdú ar leibhéil dífhostaíochta, agus tháinig ardú ar chaiteachas tomhaltóirí. Tá impleachtaí dearfacha aige sin uile don tionscal tacsáí. Tugtar an réamhaisnéis gheilleagrach d'fhás ar Olltáirge Náisiúnta na hÉireann (GNP) i bhFíor 3.2. Léirítear fás agus leathnú leanúnach sa gheilleagar, cé go mbeidh sé níos maille ná an fás a tharla le blianta beaga anuas. Meastar gur 3.7 faoin gcéad a bheidh san fhás ar GNP do 2019, agus leanfar leis an treocht sin as seo go ceann cúig bliana, dar le réamhaisnéisí reatha an rialtais.¹

Fíor 3.2: Fás Tuartha ar GNP na hÉireann, 2017-2023



{Ráta Fáis Bliantúil Iarbhíre an GNP}

Foinse: An Roinn Airgeadais, Tuar Geilleagrach agus Fioscach 2019

*=réamhaisnéis

D'fhéadfadh na rátaí fáis iarbhíre a bheith sách difriúil ó réamhaisnéisí na Roinne Airgeadais, áfach. Ar lámh amháin, is minic a sháraigh an fás GNP le bliana beaga anuas an méid a rabhthas ag súil leis, de bharr earnálacha láidre onnmhairithe agus ilnáisiúnta. Mar shampla, 5.9 faoin gcéad a bhí san fhás GNP in 2018, méid a sháraigh go mór an 3.3 faoin gcéad a bhí tuartha roimh Bhuiséad 2018². Mar sin féin, cé gur thacaigh earnáil láidir ilnáisiúnta leis an bhfás sin, d'fhéadfadh cúlú teacht ar an treocht sin de bharr aon athrú tobann ar an staid gheilleagrach. Mar shampla, táthar ag súil go mbeadh tionchar diúltach suntasach ag Breatimeacht a d'fhéadfadh a bheith mí-ordúil ar GNP na hÉireann, agus tuarar go dtitfeadh an fás go dtí beagnach náid faoin gcéad sa chás go n-imeodh an Bhreatain Mhór as an Aontas Eorpach gan margadh trádála³.

Bíonn timthriallta gnó ann sa gheilleagar domhanda agus i measc na gceachtanna ón gcúlú eacnamaíochta in Éirinn i ndiaidh 2008 tá athmheasúnú a dhéanamh ar an tslí a ndéantar riosca airgeadais a bhainistiú agus bheith san airdeall le linn tréimhsí leanúnacha d'fhás eacnamaíochta. Léiríonn an stair go dtagann cur chun donais agus cúlú eacnamaíochta i ndiaidh tréimhsí fada

¹ Rialtas na hÉireann, 2019. Ráiteas Geilleagair an tSamhraidh, Meitheamh 2019. Arna ullmhú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

<https://assets.gov.ie/10498/79569b9ea87b4be5bd077bb622c2d1ff.pdf>

² Rialtas na hÉireann, 2017. Buiséad 2018, Tuar Geilleagrach agus Fioscach.

http://www.budget.gov.ie/Budgets/2018/Documents/Budget_2018_Economic_and_Fiscal_Outlook.pdf

³ Rialtas na hÉireann, 2019. Ráiteas Geilleagair an tSamhraidh, Meitheamh 2019. Arna ullmhú ag an Roinn Airgeadais agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.


<https://assets.gov.ie/10498/79569b9ea87b4be5bd077bb622c2d1ff.pdf>

rathúnais, beag beann ar an tslí a ndéantar iad a chothú. Tá roinnt comharthaí rabhaidh sa gheilleagar – agus d’eisigh an Oifig Buiséid Pharlaiminteach roinnt teachtaireachtaí tábhachtacha, lena n-áirítear faoin tOll-Fiachas Náisiúnta atá fós ard – an méid ghinearálta fiachais a bhíonn ag rialtas (€215 billiún amhail deireadh Meithimh 2019). Cuireann fiachas ard rialtais teorainn leis na huirlisí a bhíonn ar fáil don rialtas dul i ngleic le cúlú eacnamaíochta.

Fostaíocht

Cuirtear deiseanna oibre ar fáil nuair a bhíonn geilleagar ag fás. Ní nach ionadh, thit an ráta dífhostaíochta ó 6.7 faoin gcéad in Eanáir 2017 go dtí 4.5 faoin gcéad i Meitheamh 2019, agus táthar ag druidim le ‘lánfhostaíocht’ in Éirinn, ó thaobh staitisticí de.⁴ Tá roinnt plé ann maidir le cad is lánfhostaíocht ann in Éirinn, mar bíonn sí difriúil ó thír go tír, cé go gcreidtear go forleathan gurb ionann í agus idir 4 agus 5 faoin gcéad dífhostaíochta. De réir mar a thagann laghdú ar an bhfáil ar shaothar, is ceart go dtiocfadh ardú ar bhoilsciú pá, agus tá fianaise air sin ann ó 2018, nuair ab ionann arduithe ar phá agus 3.55 faoin gcéad i dtéarmaí réadacha (i ndiaidh boilscithe) nó 4.55 faoin gcéad go hainmniúil. Má leantar leis an srianadh ar an margadh saothair sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma, d’fhéadfaí bheith ag súil le boilsciú pá suntasach ar fud an gheilleagair, rud a léireodh na deacrachtaí roimh chuideachtaí agus fostóirí maidir le hoibrithe/saothar a fháil agus a choinneáil.

Fíor 3.3: Ráta Dífhostaíochta Mhíosúil in Éirinn, 2016-2019



{Ean, Már, Beal, Iúil, M.F. Sam}


Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh

Caiteachas Tomhaltóirí

Tháinig ardú ar an gcaiteachas tomhaltóirí freisin ón Athbhreithniú Uastáille roimhe seo. Léirítear meánchaiteachas teaghlaigh ó 2010 i bhFíor 3.4 agus taispeántar gur tháinig ardú suntasach ar thomhaltas teaghlaigh sa tréimhse ó shin. Bhí tionchar dearfach ag an tomhaltas ardaithe sin ar an earnáil miondíola intíre, agus léirítear i bhFíor 3.5 ardú leanúnach ar an Innéacs Miondíolacháin (RSI) ó 2015. Bíonn impleachtaí dearfacha ag earnáil miondíola intíre buacach don tionscal tacsáí mar baineann éileamh/úsáid níos airde tacsaithe le hardú ar chaiteachas tomhaltóirí.


⁴ An Phríomh-Oifig Staidrimh, 2019. Dífhostaíocht Mhíosúil, Iúil 2019.

Fíor 3.4: Caiteachas Teaghlaigh Bliantúil, 2010-2018



Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Caiteachas ar Olltáirge Náisiúnta

Fíor 3.5: Innéacs Miondíolacháin (RSI), 2015-2019




[Ean, Aib, Iúil, D.F.]

Foinse: An Phríomh-Oifig Staidrimh, Innéacs Miondíolacháin

Cé go raibh treochtaí caiteachais tomhaltóirí dearfach, tríd is tríd, tá moilliú tagtha ar an bhfás ar an Innéacs Miondíolacháin ó 2018, agus tá meathlú leanúnach ag teacht ar an Innéacs Seintiminte Custaiméirí, lena dtomhaistear an méid muiníne atá ag tomhaltóirí sa gheilleagar, ó 2018, mar a léirítear i bhFíor 3.6. Sa chás go dtiocfaidh laghdú mór ar mhuinín na dtomhaltóirí nó ar an earnáil miondíola intíre, mar thoradh ar an mBreatimeacht nó ar aistriú chuig siopadóireacht ar líne, d'fhéadfadh patrúin tomhaltóra níos cúramaí teacht chun cinn mar thoradh air sin agus d'fhéadfadh sin tionchar a imirt ar an éileamh ar thacsaithe.

Fíor 3.6: Innéacs Seintimint Custaiméirí, meán gluaisteach 3-mhí, 2015-2019



[Ean, Már, Bealúil, M.F., Samhain]

Foinse: KBC Bank / ESRI, Innéacs Seintiminte Custaiméirí

Conclúid

Tá fás nach rabhthas ag súil leis tagtha ar ghníomhaíocht eacnamaíoch in Éirinn, as ar tháinig éileamh níos mó ar iompar poiblí, tacsaithe san áireamh, mar gheall ar a thuilleadh fostaíochta agus caiteachais miondíola. Meastar go bhfuil lánfhostaíocht in Éirinn anois, as ar tháinig boilsciú pá i ngach earnáil den gheilleagar. Cé go dtuairtear go leanfar leis an bhfás seo, is bagairtí móra ar na réamhaisnéisí sin iad an Breatimeacht agus staid éiginnte an gheilleagair dhomhanda. Is dócha go mbeidh Éire ag céim amach sa timthriall gnó, i ndiaidh tréimhse d'fhás eacnamaíoch leanúnach, nach rabhthas ag súil leis, le blianta beaga anuas.


3.3 Éileamh Margaidh

Treochtaí in Úsáid Tacsaithe

D'fhoillíodh faisnéis faoi Threochtaí in Úsáid Tacsaithe a bhailiú, rinneadh suirbhé ar shampla ionadaíoch náisiúnta de 1,015 duine fásta idir an 4 agus an 16 Iúil 2019.

Thuaireascigh daichead faoin gcéad de na daoine fásta uile a ndearnadh suirbhé orthu gur úsáid siad tacsáí le sé mhí anuas. Tá sin ag teacht le figiúirí a tuairiscíodh sna hAthbhreithnithe Uastáille in 2014 agus in 2016, nuair a d'úsáid 39 faoin gcéad tacsáí le sé mhí anuas (Fíor 3.7).

Fíor 3.7: An cion de dhaoine fásta a d'úsáid iompar poiblí le 6 mhí anuas, 2019



[Carr Bus (Fobhailte/áitiúil) Tacsáí Siúl (neamhfhoillíochta) Traein/DART LUAS Bus/Cóiste (Fad-achair) Rothar Hacnaí Gluaisrothar Eile]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

Mar a léirítear i bhFíor 3.8, bhain 13 faoin gcéad de na húsáideoirí tacsáí sin níos mó úsáid as tacsaithe le dhá mhí dhéag anuas, bhain 15 faoin gcéad díobh níos lú úsáide astu agus thuairiscigh 71 faoin gcéad nár tháinig aon athrú ar an úsáid a bhain siad astu.

I measc na ndaoine a bhain níos mó úsáide as tacsaithe, seo a leanas na príomhchúiseanna a thug siad:


- bhí siad ag dul amach níos minice (38%);
- thug siad faoi níos mó taistil nó comaitéireachta (17%);
- bhí níos mó ioncam indiúscartha acu (8%); agus
- bhain siad níos lú úsáide as iompar poiblí (8%)⁵.

I measc na ndaoine a bhain níos lú úsáid as tacsaithe, seo a leanas na príomhchúiseanna a thug siad:

- bhí tacsaithe róchostasach (37%);
- ní raibh siad ag dul amach chomh minic is a bhíodh (30%); agus
- bhí rochtain acu ar mhodh taistil phearsanta eile anois (15%).

⁵ Tugtar ar aird, roghnaigh fiche ocht faoin gcéad de na freagróirí 'eile' mar fhreagra ar an gceist seo.

Fíor 3.8: An tAthrú ar an úsáid a baineadh as seirbhísí tacsáí le 12 mhí anuas




[Ardú Ísliú Gan Athrú]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

Mar a léirítear i bhFíor 3.9, thuairiscigh tuairim is 20 faoin gcéad de na húsáideoirí tacsáí a d'fhreagair suirbhé 2019 gur úsáid siad tacsáí ar a laghad uair sa tseachtain. Rangaítear na freagróirí sin (atá sna catagóirí oráiste i bhFíor 3.9) mar 'úsáideoirí troma' tacsaithe uaireanta agus tá laghdú suntasach tagtha ar an gcion freagróirí sa chatagóir sin ó 2017, nuair ab ionann é agus 33 faoin gcéad. Tá ardú comhfhreagrach tagtha ar an gcion freagróirí i ngach ceann de na catagóirí maidir le minicíocht úsáide níos ísle i gcomparáid le suirbhé 2017, ach amháin 'níos annaimhe' (ná gach 4-6 mhí).

Fíor 3.9: Minicíocht úsáide tacsaithe ag daoine fásta a d'úsáid tacsáí le 6 mhí anuas



[Gach Lá nó Níos Minice Gach 2-3 Lá Gach 4-5 Lá Thart ar Uair sa tSeachtain Gach 2-4 Sheachtain Gach 5-8 Seachtaine Gach 2-3 Mhí Gach 4-6 Mhí Níos Annaimhe]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

Mar a léirítear i dTábla 3.1, is mó seans go mbíonn 'úsáideoirí troma' tacsaithe faoi 35 bliana d'aois agus baineann daoine os cionn 35 bliana d'aois úsáid níos annaimhe as tacsaithe. Bíonn éagsúlacht ar mhinicíocht na húsáide a bhaintear as tacsaithe bunaithe ar an áit, mar a léirítear i dTábla 3.2. Is lú go mór an seans go rangófar úsáideoirí i mBaile Átha Cliath mar 'úsáideoirí troma' i gcomparáid le

daoine i réigiúin eile. Mar sin féin, is mó seans go mbainfidh úsáideoirí i mBaile Átha Cliath úsáid as tacsaithe gach 2-4 sheachtain agus gach 5-8 seachtaine. D'fhéadfadh baint a bheith aige sin leis an bhfáil níos leithne ar mhodhanna iompair eile i mBaile Átha Cliath i gcomparáid le réigiúin eile.

Tábla 3.1: Dáileadh na n-úsáideoirí tacsáí de réir mhinicíocht úsáide agus aoisghrúpa

Modh	Faoi 35	35 +	Gach Úsáideoir Tacsáí
Uair sa tSeachtain nó níos minice	26%	17%	20%
Gach 2/4 Sheachtain	32%	26%	29%
Gach 5/8 Seachtaine	17%	16%	16%
Níos Annaimhe	24%	41%	35%
Iomlán	100%	100%	100%

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé Teaghlach

Tábla 3.2: Dáileadh na n-úsáideoirí tacsáí de réir mhinicíocht úsáide agus réigiúin

Modh	Baile Átha Cliath	An chuid eile de Chúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht/Uladh
Uair sa tSeachtain nó níos minice	13%	26%	23%	24%
Gach 2/4 Sheachtain	31%	30%	24%	25%
Gach 5/8 Seachtaine	21%	15%	13%	12%
Níos Annaimhe	35%	30%	40%	39%
Iomlán	100%	100%	100%	100%


Foinse: 2019 Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé Teaghlach

Na Cúiseanna le hÚsáid Tacsaithe

Iarradh ar chustaiméirí a d'úsáid tacsáí le sé mhí anuas faoin gcúis leis an úsáid tacsáí an uair ba dheireanaí. Luaigh an formhór díobh (57%) gur bhain a dturas deiridh i dtacsáí le cúiseanna sóisialta. Ina dhiaidh sin bhí cúiseanna fóillíochta agus pearsanta⁶ ag 25 faoin gcéad agus cúiseanna a bhain leis an obair ag 11 faoin gcéad. Léirítear leis sin nach bhfuil mórán athraithe tagtha ar na cúiseanna a úsáidtear tacsaithe ó 2017, nuair a luaigh 58 faoin gcéad gur ar chúiseanna sóisialta a d'úsáid siad tacsáí an uair ba dheireanaí agus luaigh 27 faoin gcéad cúiseanna fóillíochta/pearsanta.

Fíor 3.10: An chúis luaite le húsáid tacsáí an uair ba dheireanaí

⁶Turais fóillíochta nó siopadóireachta, cúiseanna/coinní pearsanta agus cuairteanna ar chairde/daoine muinteartha san áireamh



[Sóisialta Cúiseanna Fóillíochta/Pearsanta Obair Comaitéireacht Taisteal nach mbaineann le hobair (nasc chuig modh iompair eile) Eile]

D'ainneoin an mhéid bhig (3%) a rinne amhlaidh an uair ba dheireanaí dóibh, deir aon chúigiú (22%) de na daoine a d'úsáid tacsáí le 6 mhí anuas go n-úsáideann siad tacsaithe uaireanta/i gcónaí chun nascadh le hiompar poiblí eile. Is airde an cion sin i measc na 'meánaicme'⁷ (25%) agus i measc freagróirí a chónaíonn i mBaile Átha Cliath (31%).

Modhanna chun Tacsaithe a Ordú

Léirítear i dTábla 3.3 miondealú déimeagrafach ar na modhanna chun tacsáí a chur in áirithe. Tríd is tríd, is é an teileafón an modh is coitianta chun tacsáí a chur in áirithe. D'ordaigh 51 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé a dturas tacsáí deiridh ar an teileafón, laghdú ó 58 faoin gcéad in 2017. Is é an teileafón an modh is coitianta i measc na n-aoisghrúpaí go léir, agus do dhaoine a chónaíonn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.

Mar sin féin, tá tóir níos mó ag teacht ar sheirbhísí aipeanna agus d'ordaigh 23 faoin gcéad d'fhreagróirí a dturas tacsáí deiridh le seirbhís aipe, i gcomparáid le 14 faoin gcéad in 2017. Is mó seans go mbeidh úsáideoirí seirbhísí aipe idir 18-35 bliana d'aois agus ina gcónaí i mBaile Átha Cliath, an áit is coitianta a úsáidtear aip chun tacsáí a ordú (48% in 2019).

Tá an cion úsáideoirí tacsáí a fuair an tacsáí deiridh ach é a stopadh ar an tsráid seasmhach ag 15 faoin gcéad, agus tá ardú beag tagtha ar an líon daoine a sheas i scuaine ag stad tacsaithe, ó 9 faoin gcéad in 2017 go 10 faoin gcéad in 2019.

Tábla 3.3: An modh ar ordáíodh tacsáí an uair dheireanach (gan freagraí "níl a fhios agam" san áireamh)

Modh	Foriomlán	Aois			Réigiún			
		Faoi 35	35-54	55+	Baile Átha Cliath	Cúige Laighean	Cúige Mumhan	Cúige Chonnacht

⁷Arna sainmhíniú mar na gráid aicme shóisialta A, B agus C1 de réir sainmhínte caighdeánacha taighde margaidh an *Market Research Society* (MRS)


								<i>Uladh</i>
	%	%	%	%	%	%	%	%
Glaoch gutháin	51	46	54	53	22	66	63	80
Seirbhís Aipe	23	27	24	17	48	7	16	
Stopadh ar an tsráid	15	17	10	20	17	14	16	8
Scuaine ag stad tacsaithe	10	9	11	9	10	13	5	12

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

An Patrún Éilimh ar Sheirbhísí Tacsaithe

Is iad Dé hAoine agus Dé Sathairn na buaicphointí le haghaidh éilimh ar sheirbhísí tacsaithe – thóg 54 faoin gcéad d'fhreagróirí an tsuirbhé a dturas ba dheireanaí ar cheann den dá lá sin. Tá sin ag teacht le blianta roimhe seo agus taispeánann sé gurb iad gníomhaíochtaí sóisialta agus caithimh aimsire is mó is cúis le húsáid tacsaithe. Léirítear i bhFíor 3.11 dáileadh an turais ba dheireanaí a rinne paisinéirí de réir an lae den tseachtain.

Fíor 3.11: Dáileadh úsáideoirí tacsáí de réir an lae den tseachtain ar a ndeachaigh siad ar an turas ba dheireanaí, 2019




[Luan Máirt Céad Déar Aoine Domh D.Seachtaine/Lá Saoire Poiblí Níl a Fhios Agam]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

Léirítear i bhFíor 3.12 an dáileadh úsáideoirí tacsáí de réir an ama den lá ar a dtóg siad an turas deireanach. Thuairiscigh 60 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí gur idir 6pm agus 4am a thóg siad an turas tacsáí ba dheireanaí, tógadh 28 faoin gcéad de na turais idir 6pm agus 10pm, 12 faoin gcéad idir 10pm agus meánoíche, agus 20 faoin gcéad idir meánoíche agus 4am.

Fíor 3.12: Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 – An Uair Dheireanach ar Úsáideadh Tacsáí




Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

3.4 Soláthar Margaidh

Soláthar Comhiomlán Seirbhísí Tacsáí

Idir 2017 agus 2019 tháinig an chéad ardú san fhlít náisiúnta tacsaithe ó 2009. Amhail dheireadh Aibreáin 2019, bhí 17,167 tacsáí i mbun seirbhíse in Éirinn; ardú 1 faoin gcéad ar na 16,961 tacsáí amhail Nollaig 2017. Áirítear ar an bhfigiúr sin 2,242 FAV, nó 13 faoin gcéad den bhflít, agus is ionann é agus ardú suntasach ar an gcion FAVanna atá i mbun seirbhíse ó 2017, nuair nach raibh iontu ach 8 faoin gcéad den soláthar iomlán tacsaithe. Is féidir an t-ardú sin a lua go mór le trí athrú beartais: cinneadh a tógadh in 2010 gan ceadúnais nua tacsáí agus hacnaí a eisiúint ach ar FAVanna amháin; athruithe ar an tsonraíocht méide do FAVanna a tugadh isteach in 2014, rud a d'fhág go bhféadfadh oibritheoirí FAVanna a cheannach a bhí níos lú ná na cinn roimhe sin; agus scém deontais do FAVanna a thug an NTA isteach in 2014. Leis an scém deontais sin, tugtar deontais do thiománaithe chun FAVanna a cheannach agus a athsholáthar. Dáileadh os cionn €5 milliún ar thiománaithe tacsaithe in 2017 agus in 2018. Is léir an t-ardú sin ar an gcion FAVanna san fhlít tacsaithe i bhFíor 3.13.

Fíor 3.13: Treochtaí i Soláthar Tacsaithe, 2006-2019




[Caighdeánach Feithicil Lán-inrochtana]

Foinse: Staitisticí Tacsáí an NTA

Aois Feithicilí

Faoi na hAchtanna Um Rialáil Tacsaithe, ceanglaítear ar an NTA féachaint le soláthar agus cothabháil seirbhísí ardchaighdeáin ag Beagfheithicil Seirbhíse Poiblí agus a dtiománaithe a chur chun cinn. Mar léiriú ar an gcuspóir sin, measann an NTA gur iomchuí é teorainn aoise a leagan amach do Bheagfheithicil Seirbhíse Poiblí, ar bhonn sábháilteachta agus cáilíochta. De ghnáth, ní mór do thacsaithe a bheith níos lú ná 10 mbliana d'aois. Mar sin féin, ceadáítear do líon áirithe tacsaithe oibriú go dtí go mbíonn siad 15 bliana d'aois mar chuid de shocrú aistrithe. Déantar cigireacht ar fheithicilí uair sa bhliain ar a laghad lena chinntiú go gcoinnítear caighdeáin agus cáilíocht ar leibhéal iomchuí. Léirítear i bhFíor 3.14 próifíl aoise an fhlít reatha tacsaithe amhail dheireadh Iúil 2019.

Fíor 3.14: Próifíl Aoise an Fhlít Reatha Tacsaithe




[1 bhliain 1-2 bhliana 2-3 bliana 3-4 bliana 4-5 bliana 5-6 bliana 6-7 mbliana 7-8 mbliana 8-9 mbliana, 9-10 mbliana 10-15 bliana 15+ bliana]

Miondealú Réigiúnach ar an Soláthar

Ar anailís a dhéanamh ar an líon tacsaithe ar leibhéal réigiúnach, feictear gur i mBaile Átha Cliath atá formhór na dtacsaithe (60%) cláraithe. Ina dhiaidh sin tá 13 faoin gcéad díobh cláraithe sa chuid eile de Chúige Laighean agus 8 faoin gcéad i gCúige Chonnacht/Uladh.

Fíor 3.15: An Cion Ceadúnas Bailí Tacsáí de réir an Réigiúin, 2019



[Baile Átha Cliath An chuid eile de Chúige Laighean Cúige Mumhan Cúige Chonnacht/Uladh]

Foinse: Staitisticí Tacsáí an NTA


Tá patrún difriúil ag an dáileadh catagóirí eile SPSVanna, lena n-áirítear hacnaithe agus limisíní, ná mar atá ag tacsaithe. Lasmuigh de Bhaile Átha Cliath atá beagnach trí cheathrú de limisíní agus

beagnach na hacnaithe go léir (os cionn 98%) lonnaithe. Dá bharr sin, d'fhonn comparáid a dhéanamh idir sheirbhísí *per capita*, is áisiúil gach catagóir SPSVanna a chur san áireamh. Mar sin féin, tá an dáileadh SPSVanna fós claonta i dtreo Bhaile Átha Cliath áit a bhfuil 8 SPSV in aghaidh an mhíle duine (i gcomparáid le 3 cinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath).

Próifíl Aoise Tiománaithe Tacsáí

Léirítear i bhFíor 3.16 an dáileadh tiománaithe tacsáí a bhfuil ceadúnas reatha acu de réir aoise. Tá beagnach 18 faoin gcéad de thiománaithe níos mó ná 65 bliana d'aois agus tá beagnach 47 faoin gcéad os cionn 55 bliana d'aois. Tá níos lú na aon cheathrú de thiománaithe (23%) faoi 44 bliana d'aois. Tá an phróifíl aoise sin amhlaidh mar gheall gur minic nach dtosaíonn tiománaithe i mbun tacsáí a thiomáint go dtí roinnt ama i ndiaidh dóibh a bheith ag obair i ngairm eile agus go meallann solúbthacht an tionscail iad. Maidir le go leo tiománaithe SPSV, bíonn deis acu ioncam forlíontach a ghnóthú a bhreis ar ioncam ó fhoinsí eile (e.g. pinsean).


Fíor 3.16: Próifíl Aoise Tiománaithe Tacsáí, 2019



Patrúin Soláthair

De réir an tSuirbhé ar Thiománaithe, tá gnáthsheachtain oibre de 5.1 lá ag tiománaithe tacsáí. Léirítear i bhFíor 3.17 na laethanta den tseachtain a oibríonn tiománaithe tacsáí de ghnáth. Dé hAoine an lá is coitianta a bhíonn siad ag obair (93 faoin gcéad díobh) agus Dé Domhnaigh an lá is annaimhe oibre dóibh.

Fíor 3.17: Laethanta den tseachtain a oibríonn tiománaithe tacsáí




[Luan Máirt Céad. Déar. Aoine Sath. Domh.]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsaí 2019 – Suirbhé ar Thiománaithe

Léirítear i bhFíor 3.18 na hamanna a oibríonn tiománaithe tacsaí de ghnáth. Thuairiscigh formhór na dtiománaithe go n-oibríonn siad ar maidin agus san iarnóin, agus thart ar mheán lae an buaic-am. Oibríonn cion níos lú tiománaithe um thráthnóna agus san oíche, mar shampla, níor thuairiscigh ach 46 faoin gcéad de thiománaithe tacsaí go n-oibríonn siad idir 10pm agus meánoíche. Thuairiscigh ocht déag faoin gcéad d'fhreagróirí nach n-oibríonn siad am ar bith idir 8pm agus 8am agus iarradh ar an gcohort sin cé na príomhchúiseanna leis sin agus an smaoineodh siad air dá mbeadh na táillí níos airde. Luaigh níos mó ná aon trian de na daoine nach n-oibríonn san oíche gur ar chúiseanna sábháilteachta pearsanta a bhí sé (36%), agus luaigh 23 faoin gcéad uaireanta frithshóisialta/saol an teaghlaigh, luaigh 18 faoin gcéad sláinte phearsanta nó aois agus luaigh 12 faoin gcéad iompar custaiméirí nó costais bhreise ghlantacháin. Níor thug ach 17 faoin gcéad de na tiománaithe sin nach n-oibríonn san oíche faoi láthair le tuiscint go smaoineodh siad air dá mbeadh na táillí níos airde.

Tríd is tríd, is mó seans gur tiománaithe níos óige (faoi 44 bliana d'aois) a bheidh ag obair san oíche, ná tiománaithe níos sine. Is sna bandaí ama idir 8pm agus 4am is mó a fheictear an treocht sin. Níl an treocht sin chomh coitianta go moch ar maidin, áfach, idir 4am agus 8am. Is iad na tiománaithe idir 45 agus 64 bliana d'aois na tiománaithe is mó seans go mbeidh siad ag obair sa tréimhse sin go moch ar maidin. Níl an dóchúlacht chéanna ann go mbeidh tiománaithe níos óige, idir 35 agus 44 bliana d'aois, ag obair.

Fíor 3.18: Amanna a oibríonn tiománaithe tacsaí de ghnáth



Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Thiománaithe

Modhanna Soláthair

Iarradh ar thiománaithe freisin faoin tslí a soláthraíonn siad seirbhísí tacsáí. Léirítear i bhFíor 3.19 an cion de na tiománaithe gnáthfheithiclí agus FAVanna a ndearadh suirbhé orthu atá cleamhnaithe le hoibreoirí seachadta traidisiúnta agus le seirbhísí aipe⁸. Ríomhadh meánmhéid ualaithe freagraí bunaithe ar an gcion feithiclí caighdeánacha agus FAVanna san fhlít tacsaithe reatha freisin agus baintear úsáid as anseo chun comparáid a dhéanamh le torthaí 2017.


Ní úsáideann cion suntasach tiománaithe (43%) oibreoir seachadta traidisiúnta ná seirbhís aipe. Is ionann sin agus ardú mór i gcomparáid leis an gcion in 2017 (31 faoin gcéad). Thit an cion tiománaithe a úsáideann oibreoir seachadta traidisiúnta agus sin amháin ó 19 faoin gcéad in 2017 go dtí 12 faoin gcéad in 2019 (meánmhéid ualaithe), cé gur mar an gcéanna an cion a úsáideann seirbhís aipe agus sin amháin. Thit an cion a úsáideann oibreoir seachadta traidisiúnta agus seirbhís aipe ó 15 faoin gcéad in 2017 go dtí 11 faoin gcéad in 2019. Níl an easpa fáis ó thaobh seirbhísí aipe a bheith á n-úsáid ag tiománaithe ag teacht le torthaí an tsuirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí, a léirigh fás suntasach ar an úsáid a mbaintear as aipeanna, mar a luadh roimhe seo.

Is féidir go gciallaíonn geilleagar níos láidre go bhféadfaidh tiománaithe níos mó oibre a háil ó dhaoine a bheith ag stopadh tacsaithe ar an tsráid agus ag stadanna tacsaithe, oibreoirí seachadta traidisiúnta ná seirbhísí aipe a úsáid. Mar shampla, i measc tiománaithe nach n-úsáideann seirbhís aipe, dúirt 22 faoin gcéad ‘gur fearr leo obair sráide/go bhfuil go leor oibre acu’ nuair a fiafraíodh díobh cén fáth nach n-úsáideann siad seirbhís aipe, i gcomparáid le 15 faoin gcéad in 2017. Mar sin féin, is féidir freisin go bhfuil cuid de na hathruithe follasacha nasctha i bpáirt le ceist a bhaineann le samplú. Mar shampla, tá an cion de ghnáth-thiománaithe tacsáí sa sampla sa suirbhé is déanaí atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath (52%) níos lú ná an cion iarbhir de thiománaithe atá lonnaithe i mBaile Átha Cliath agus atá mar chuid den fhlít tacsaithe (60%), agus d’fhéadfadh sin a bheith ag cur le claonadh ar na torthaí, i bhfianaise na minicíochta níos airde d’úsáid aipeanna i mBaile Átha Cliath.

⁸Sa tuarascáil seo, ciallaíonn ‘oibreoir seachadta traidisiúnta’ oibreoirí seachadta a thairgeann samhail chleamhnaithe ar chostas seasta (dá dtagraítear i leaganacha roimhe seo den Innéacs Costas Tacsaithe mar chostas cíosa raidió – táille sheasta sheachtainiúil, de ghnáth). I gcomparáid leis sin, tairgeann seirbhísí aipe níos nuai samhail bunaithe ar choimisiún – is é sin go gcoimeádann an tseirbhís aipe céatadán den táille do gach turas.

Ar an meán, mheas tiománaithe tacsaithe caighdeánacha gur ó daoine ag stopadh tacsaithe ar an tsráid agus ag stadanna tacsáí a thagann 46 faoin gcéad dá gcuid oibre, agus mheas tiománaithe FAVanna go bhfaigheann siad 28 faoin gcéad dá gcuid oibre ar na bealaí sin.

Fíor 3.19: Cleamhnacht le hoibreoirí seachadta traidisiúnta/seirbhísí aipe i measc tiománaithe tacsáí



[Tacsáí Caighdeánach Feithicil Lán-inrochtana Gach Tiománaí – Meánmhéid Ualaithe Oibreoir Seachadta Traidisiúnta amháin An Dá Rud Soláthróir Aipe amháin Ceachtar díobh]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Thiománaithe

3.5 Staid an Mhargaidh ag an struchtúr reatha táillí


Tuairimí agus feacht ar struchtúr agus leibhéil reatha táillí

Iarradh ar Úsáideoirí Tacsáí faoina dtuairimí ar an luach ar airgead a thugann seirbhísí tacsáí. Tríd is tríd, aontaíonn 50 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí go dtugann tacsaithe luach maith ar airgead go ginearálta, agus ní aontaíonn 18 faoin gcéad go dtugann. Léiríonn sin laghdú beag ar an luach ar airgead a bhraitear a thugtar i gcomparáid le torthaí shuirbhé 2017, nuair a d'aontaigh 54 faoin gcéad leis an ráiteas agus nuair nár aontaigh 16 faoin gcéad leis. Iarradh ar fhreagróirí an tsuirbhé faoin luach ar airgead maidir le cineálacha áirithe turas freisin. Tá ardú tagtha ar an gcion freagróirí a d'aontaigh go dtugann turais tacsáí san oíche agus turais tacsáí níos faide luach maith ar airgead, i gcomparáid le 2017 (ardú 6 phointe céatadáin agus 4 phointe céatadáin faoi seach), agus tá laghdú beag tagtha ar an gcion freagróirí a d'aontaigh go dtugann turais tacsáí níos giorra agus turais ina bhfuil níos mó ná paisinéir amháin luach maith ar airgead (2 phointe céatadáin i ngach cás). Léirítear sin i bhFíor 3.20.

Maidir le miondealú geografach, bhí claonadh ag freagróirí as Cúige Mumhan agus as Cúige Chonnacht/Uladh aontú go dtugann tacsaithe go ginearálta luach maith ar airgead (58 faoin gcéad agus 60 faoin gcéad faoi seach) agus ba lú seans go n-aontódh Úsáideoirí Tacsáí i mBaile Átha Cliath agus i gCúige Laighean (43 faoin gcéad agus 42 faoin gcéad faoi seach). Ba mhó seans go n-aontódh daoine a bhain úsáid as tacsáí go rialta (uair sa mhí ar a laghad) go dtugann tacsaithe luach maith ar airgead, i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne.

Maidir leis an struchtúr táillí, d'aontaigh 44 faoin gcéad d'fhreagróirí gur éasca an ríomh táillí a thuiscint agus is mó a aontaíonn daoine idir 18-24 bliana d'aois i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne.

Fíor 3.20: Tuairimí tomhaltóirí ar thacsaithe agus ar luach ar airgead (VFM) sa struchtúr reatha táillí



[Tugann tacsaithe luach maith ar airgead ar an iomlán
Tugann turais tacsáí ina bhfuil níos mó ná aon phaisinéir amháin
Tugann turais tacsáí ghearra de <5km luach maith ar airgead
Tugann turais tacsáí de 15km nó níos mó luach maith ar airgead
Tugann turais tacsáí san oíche (i ndiaidh 8pm) luach maith ar airgead
Tugann turais tacsáí sa lá (8am-8pm) luach maith ar airgead
Is éasca an tslí a ríomhtar táillí a thuiscint


Aontaím Idir Dhá Chomhairle Ní Aontaím Níl a Fhios Agam]

Foinse: Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2019 – Suirbhé ar Chustaiméirí

Agaí Feithimh

Tugtar tuiscint áisiúil ar an bhfáil ar thacsaithe ag na hagaí feithimh a thuairiscíonn úsáideoirí tacsáí i ndáil leis an turas ba dheireanaí a thug siad. Tríd is tríd, d'fhan 82 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí deich nóiméad nó níos lú ar thacsáí an t-am deireanach a d'úsáid siad ceann. Níor tugadh le tuiscint ón suirbhé go bhfuil difear mór sna hagaí feithimh san oíche agus sa lá. Bhí ar 85 faoin gcéad de na húsáideoirí tacsáí arbh é san oíche (idir 9pm agus 5am) an t-am deireanach a d'úsáid siad tacsáí fanacht ar feadh deich nóiméad nó níos lú. Níor thuairiscigh ach 4 faoin gcéad d'fhreagróirí go raibh orthu fanacht 20 nóiméad nó níos mó. Níl difear suntasach sna hagaí feithimh a thuairiscigh úsáideoirí a d'úsáid tacsáí ar chúiseanna sóisialta i gcomparáid le húsáideoirí a d'úsáid tacsáí ar chúiseanna eile an t-am deireanach, mar a léirítear i bhFíor 3.21.

Fíor 3.21: An méid ama a bhí ar fhreagróirí an tsuirbhé fanacht ar thacsaí an turas deireanach a thóg siad de réir chuspóir an turais



[Sóisialta Obair Gnó Pearsanta/Cuartaíocht/Siopadóireacht Eile (comaitéireacht san áireamh)
Mins = Nóim.]

Lascainiú táillí

Bíonn tionchar ag lascainiú táille sa mhargadh ar an tuairim i leith luacha ar airgead. Mar sin féin, níor thuairiscigh ach 10 faoin gcéad de na húsáideoirí tacsáí sa suirbhé go bhfuair siad lascaine le 12 mhí anuas, i gcomparáid le 13 faoin gcéad in 2017. As na daoine sin a fuair lascaine, bhain 53 faoin gcéad leis an táille a shlánú síos, bhain 26 faoin gcéad le lascaine céatadán ar an bpraghas iomlán, agus bhain 13 faoin gcéad le lascaine a thabhairt ar an táille áirithinte / táille €2 nó í a bhaint.

Tá difear idir thuairimí faoin minicíocht a thugtar lascainí i measc úsáideoirí tacsáí agus tiománaithe. Thuairiscigh caoga a hocht faoin gcéad de thiománaithe gur thairg siad lascaine do chustaiméir. Na cúiseanna ba choitianta le lascaine a thairiscint i measc na dtiománaithe sin: táille a shlánú síos (61%), cliant corparáideach nó custaiméir rialta (56%) agus mar gheall gur bhraith paisinéir go raibh an táille ró-ard (42%).

3.6 Achoimre ar Threochtaí maidir le hÉileamh agus Soláthar Margaidh

Éileamh Margaidh

- Tríd is tríd, dealraítear go bhfuil an úsáid a mbaintear as tacsaithe seasta go maith ó 2017. Cé go bhfuil laghdú tagtha ar an gcéatadán a rangáítear mar ‘úsáideoirí troma’, ó 33 faoin gcéad go 20 faoin gcéad, is mar an gcéanna é an céatadán freagróirí ar an iomlán a thuairiscigh gur úsáid siad tacsáí le 6 mhí anuas.
- Thuairiscigh trí faoin gcéad déag de chustaiméirí go raibh méadú tagtha ar an úsáid a bhain siad as tacsaithe le bliain anuas agus tá laghdú tagtha ar an úsáid a mbaineann 15 faoin gcéad astu. Ní raibh athrú ar bith ar an úsáid a bhain 70 faoin gcéad d’úsáideoirí as seirbhísí tacsaithe.
- Thuairiscigh formhór na n-úsáideoirí tacsáí (57%) gur bhain an turas deireanach a thug siad i dtacsáí le cúiseanna sóisialta. Ar na príomhchúiseanna eile a luadh bhí cúiseanna fóillíochta/pearsanta (25%) agus cúiseanna a bhain leis an obair (11%).
- Cé gurb é an teileafón an modh is mó a bhfuil tóir air fós go náisiúnta chun tacsáí a ordú, tá seirbhísí aipe ag éirí níos coitianta. Is iad seirbhísí aipe an modh is mó a bhfuil tóir air anois chun tacsáí a ordú i mBaile Átha Cliath, go háirithe i measc daoine idir 18-35 bliana d’aois.

- Is ar an Satharn a bhíonn an t-éileamh is mó ar thacsaithe agus níl mórán athraithe tagtha, tríd is tríd, ar dháileadh an éilimh ar laethanta éagsúla i rith na seachtaine, ó shuirbhé 2017.
- Ó thaobh an ama de, is um thráthnóna agus san oíche a bhíonn an t-éileamh is airde ann i gcónaí. Thug 60 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí a dturas deireanach idir 6pm agus 4am.

Soláthar Margaidh

- Tháinig méadú ar mhéid an fhlít náisiúnta tacsaithe idir 2017 agus 2019 go dtí 17,167 bhfeithicil amhail dheireadh Aibreáin 2019; an chéad ardú ó 2009. Is feithiclí lán-inrochtana iad trí chéatadán déag de thacsaithe anois.
- Is i mBaile Átha Cliath atá seasca faoin gcéad de thacsaithe cláraithe. Nuair a chuirtear na SPSVanna go léir san áireamh, (ina measc hacnaithe agus limisíní) tá 8 SPSV in aghaidh an mhíle duine i mBaile Átha Cliath, i gcomparáid le 3 cinn lasmuigh de Bhaile Átha Cliath.
- Tá níos lú ná aon cheathrú de thiománaithe (23%) faoi 44 bliana d'aois, agus tá 47 faoin gcéad os cionn 55 bliana d'aois.
- Dé hAoine an lá is coitianta a oibríonn tiománaithe tacsáí, agus Dé Domhnaigh an lá is annaimhe a oibríonn siad. Is ísle an cion tiománaithe a oibríonn um thráthnóna agus san oíche ná an cion a oibríonn i rith an lae. I measc na dtiománaithe nach n-oibríonn san oíche, níor thuairiscigh ach 17 faoin gcéad go smaoiníodh siad air dá mbeadh na táillí níos airde.
- Is foinse suntasach oibre do thiománaithe tacsáí iad stadanna tacsáí agus daoine á stopadh ar an tsráid. Tá laghdú tagtha ar an gcion tiománaithe atá cleamhnaithe le hoibreoir seachadta traidisiúnta ó 2017.

Tuairimí agus Dearcthaí ar an struchtúr reatha táillí

- Tá tuairimí maidir le luach ar airgead ard i gcónaí; aontaíonn 50 faoin gcéad go dtugann tacsaithe luach maith ar airgead. Mar sin féin, tá tuairimí imithe in olcas beagán ó 2017, nuair a d'easaontaigh 54 faoin gcéad leis an ráiteas sin. Ba mhó an seans go n-easaontódh daoine i mBaile Átha Cliath agus i gCúige Laighean go dtugann tacsaithe luach maith ar airgead.
- Aontaíonn 44 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí gur éasca an struchtúr táillí a thuiscint, feabhsú beag i gcomparáid le blianta roimhe sin.
- Tá éagsúlacht sna tuairimí idir custaiméirí agus tiománaithe. Cé gur thuairiscigh 58 faoin gcéad gur thairg siad lascaine tráth, níor thuairiscigh ach 10 faoin gcéad custaiméirí go bhfuair siad lascaine le 12 mhí.

Agaí Feithimh

- D'fhan 82 faoin gcéad d'úsáideoirí tacsáí deich nóiméad nó níos mó ar thacsáí an uair dheireanach a d'úsáid siad ceann.
- Níor tugadh le tuiscint sa suirbhé go bhfuil difear suntasach idir agaí feithimh san oíche agus sa lá, ná idir na hagaí ama a d'fhan freagróirí agus iad ag úsáid tacsaithe ar chúiseanna éagsúla (e.g. sóisialta i gcomparáid le hobair).

4. An tInnéacs Costas Tacsaithe

4.1 Cúlra

Is uirlis chainníochtúil é an tInnéacs Costas Tacsaithe (TCI) a úsáideann an NTA chun measúnú a dhéanamh ar na costais a bhaineann le tacsáí a oibriú. Déantar an TCI a athríomh thart ar gach re bliain bunaithe ar innéacsanna praghsanna foilsithe agus ar phraghsanna tionscail, agus soláthraíonn sé cur chuige caighdeánach chun anailís a dhéanamh ar athruithe ar chostais sa tionscal tacsáí agus chun an gá le coigeartú táillí a mheas.

Bhí na hAthbhreithnithe Uastáille a rinneadh idir 2006 agus 2012 bunaithe go ginearálta ar chomhpháirteanna costais ollmhóra an TCI, a fuarthas in 2006, a nuashonrú chun boilsciú a chur san áireamh. Bhain Athbhreithniú Uastáille 2014 leis an TCI a athbhunú chun an raon níos leithne costas atá ag an tionscal tacsáí a chur san áireamh. Rinneadh nuashonrú air sin in Athbhreithniú 2017. Tá Athbhreithniú Uastáille 2019 bunaithe ar nuashonrú ar innéacs 2017.

4.2 Cuspóirí agus Struchtúr an Innéacs

Bíonn costais uathúla agus éagsúla oibriúcháin le hóc ag tiománaithe tacsáí aonair, ag brath ar a saintréithe oibriúcháin féin agus ar staid níos leithne an mhargaidh. Ní fhéachann an TCI le hionadaíocht a dhéanamh ar dhearbhostais aon tiománaí ar leith, ach meastachán a thabhairt ar na costais a bhíonn le hóc ag an gnáth-thiománaí tacsáí ar an meán. Baineann na treoirphrionsabail seo a leanas leis an gcur chuige sin:

- Ní mór go mbeadh an TCI ionadaíoch agus go léireodh sé athruithe ar na costais atá le hóc ag cion mór den tionscal.
- Ní mór go léireodh sé toradh cóir don saothar a chuireann an tiománaí tacsáí ar fáil.
- Ní mór go mbeadh sé bunaithe ar thiománaí atá ag cloí le ghnáthchleachtadh an tionscail.
- Is iad na costais atá curtha san áireamh san TCI ná na costais reatha agus seasta go léir, agus gné chostas saothair, agus na costais á gcur le chéile chun costas tascach foriomlán um oibriú tacsáí in aghaidh na bliana á bhaint amach.

4.3 Cur chuige i dtreo an Innéacs Costas Tacsaithe a ríomh

Thángthas ar phraghsanna do na gnéithe costais aonair tar éis taighde a dhéanamh ar an tionscal. Le sonraí a bhíonn ar fáil don phobail soláthraíodh praghsanna beachta an tionscail a bhain le cothabháil feithicle agus trealaimh, praghsanna a léiríonn ar bhealach níos cruinne na costais a thabhaíonn an gnáth-thiománaí tacsáí. Sa chás gurbh ann do raon meastachán, ríomhadh meánmhéideanna agus meánmhéideanna ualaithe ó na pointí praghais éagsúla.

4.4 Príomhbhoinn Tuisceana

4.4.1 Leibhéil Ghníomhaíochta

Beidh éagsúlacht i gceist le costais a bhaineann le breosla, cothabháil agus athsholáthar trealaimh bunaithe ar leibhéal gníomhaíochta tiománaí, agus dá bharr sin, ba ghá meastachán a fháil ar an achar a dhéanann an gnáth-thiománaí tacsáí i gcaitheamh bliana. Ó 2017, baineann an TCI úsáid as dhá mheastachán ar leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe chun costais reatha a ríomh. Leis an gcur chuige sin, faightear an raon meastachán atá ar fáil do leibhéil ghníomhaíochta agus tá sé ag teacht le hathbhreithnithe roimhe seo agus le dlínsí eile.⁹

⁹San Athbhreithniú ar Tháillí 2014, rinneadh comparáid idir meastacháin anseo agus na cinn i ndlínsí eile, amhail Tuaisceart Éireann, Hamburg agus an Iorua.

Ba iad sonraí ón CSO maidir le míleáiste feithiclí an príomh-fhoinsé a úsáideadh chun leibhéil ghníomhaíochta a mheas. I ndiaidh coigeartú a dhéanamh le haghaidh aga moille bliana amháin agus míleáiste pearsanta a chur san áireamh, measadh gur **29,951km** an meán-achar bliantúil a thaistil tiománaithe tacsáí in 2018. Tugtar mionsonraithe faoin modheolaíocht agus faoin deimhniú don ríomh sin in Aguisín A. Tá an meastachán sin beagán níos ísle ná an meastachán de **32,624km** a ríomhadh mar chuid den Athbhreithniú Uastáille 2017.

Faightear meastachán eile ar an meán-achar a thaistealaíonn tiománaithe ó shuirbhé ar thiománaithe tacsáí a dhéantar mar chuid de gach Athbhreithniú Uastáille. I Suirbhé ar Thiománaithe Tacsáí 2019, ba **42,000km¹⁰** an meán-achar a thuairiscigh tiománaithe. Tá an meastachán sin níos ísle ná an meán-achar **49,000km** a tuairiscíodh i suirbhé 2017.

4.4.2 Costais Saothair

Tá costais saothair curtha san áireamh sa TCI mar go bhfuil luach am tiománaithe comhionann leis an bpríomhghné costais agus seirbhísí tacsáí á soláthar. Ina theannta sin, ba chóir go gcabhródh cur isteach na gcostas saothair le cinntiú go mbeadh tuilleamh tiománaithe i gcomhréir le tuilleamh oibrithe eile sa gheilleagar.

Caitear le costais saothair sa TCI mar luach seasta, ní mar is amhlaidh le costais reatha, a ríomhtar bunaithe ar leibhéil ghníomhaíochta mheasta. Tá an cur chuige sin ag teacht le blianta roimhe seo.

D'fhonn costais saothair a thomhas, is gá smaoineamh ar an deischoistas a bhaineann le tacsáí a thiomáint, nó an t-ioncam a d'fhéadfadh tiománaí a thuilleamh i dtionscal inchomparáide eile. Soláthraíonn an Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta (EHECS) a rinne an CSO meastacháin ráithiúla ar thuilleamh seachtainiúil do chatagóirí éagsúla oibre, "oibrithe táirgthe, iompair agus ceardaíochta agus oibrithe láimhe eile" san áireamh. Léirítear luachanna 2018 anseo thíos.

Tábla 4.1: Meastachán de réir ráithe ón Suirbhé ar Thuilleamh, Uaireanta agus Costais Fostaíochta

Catagóir Oibre EHECS (cineál fostaí)	2018 R1	2018 R2	2018 R3	2018 R4
Oibrithe táirgthe, iompair, ceardaíochta agus oibrithe láimhe eile	€521	€535	€550	€550

Foinse: CSO

Tá tiománaithe cairr, tacsáí agus leoraí sa chatagóir seo, rud a fhágann gur féidir sonraí tuillimh a úsáid chun costais saothair thiománaithe tacsáí a mheas. €539.13 an meánphá seachtainiúil in 2018. Is ionann sin agus costas saothair bliantúil €25,878, bunaithe ar bhliain oibre 48-seachtaine.

4.4.3 Cineálacha Cairr

Is iad na trí chineál cairr is mó a úsáideann tiománaithe tacsáí, Toyota Avensis (21%), Skoda Octavia (10%) agus Toyota Prius (10%). Glactar leis gur innill dhíosail atá ag an Avensis agus ag an Octavia,

¹⁰ Thiomáin caoga faoin gcéad de na tiománaithe i suirbhé 2019 feithicil lán-inrochtana, mar gur leagadh síos cuóta sonrach ar an leibhéal sin. Dá bharr sin, rinneadh coigeartú ar an meán-achar taistil a tuairiscíodh sa suirbhé chun léiriú níos fearr a thabhairt ar an gcion reatha iarbhir d'fheithiclí caighdeánacha agus lán-inrochtana san fhlít tacsaithe reatha.

agus toilleadh innill 2.0 lítear ag an Avensis, agus toilleadh 1.6 lítear ag an Octavia. Glactar leis go bhfuil inneall hibride peitрил agus toilleadh 1.8 lítear ag an Prius.

Baintear úsáid as meánmhéid ualaithe den trí chineál sin agus costais á ríomh maidir le hairgeadas feithicle, breosla agus cothabháil. Bunaítear an ghnáth-chothabháil go léir ar an minicíocht a mholann déantúsóirí agus ar dhea-chleachtas an tionscail.

4.4.4 Cineál Breosla

Baineadh úsáid as cineálacha breosla agus as ídiú breosla na dtrí chineál cairr is coitianta chun meánmhéid ualaithe a chruthú do chostais breosla in aghaidh an chiliméadair. Glactar leis gur inneall díosail atá ag an Toyota Avensis agus ag an Skoda Octavia, agus glactar leis gur inneall hibride peitрил atá ag an Toyota Prius.

4.4.5 Glacadh Sainordaitheach le Cátaí Íocaíochta

Go hidirnáisiúnta agus in Éirinn, táthar ag gluaiseacht i dtreo íoc as earraí agus seirbhísí gan airgead tirim a úsáid. Baineann tomhaltóirí in Éirinn níos mó úsáide as idirbhearta cáta (PIN agus gan teagmháil) ná airgead tirim, chun seirbhísí a cheannach ag an díolphointe. Maidir le híocaíochtaí tacsáí, léiríodh i suirbhé a rinneadh roinnt blianta ó shin ag Aerfort Bhaile Átha Cliath gur mhian le níos mó ná 45% de thomhaltóirí pearsanta agus 69% de thomhaltóirí gnó ag an aerfort cáta a úsáid chun íoc as tacsáí. Is dócha go bhfuil ardú suntasach tagtha ar na figiúirí sin le blianta beaga anuas agus is mó sean go mbeadh siad ag teacht le suirbhé a rinneadh sa Ríocht Aontaithe in 2015 a thuairiscigh go raibh 86% d'úsáideoirí tacsáí i bhfabhar íocaíocht sainordaitheach le saoráidí cáta i bhfeithicilí.

Faoi láthair, ní ghlacann ach roinnt tacsaithe le híocaíocht le cátaí dochair agus creidmheasa istigh sa charr agus faigheann an NTA roinnt mhaith gearán gach bliain maidir le gan saoráidí íocaíochta le cáta a bheith ar fáil i dtacsaithe. Is fadhb é sin ag moil iompair amhail aerfoirt agus stáisiúin traenach ach go háirithe agus d'fhéadfadh sé chéad imprisean diúltach a thabhairt do chuairteoirí ar Éirinn.

De réir mar a éiríonn íocaíochtaí cáta-bhunaithe níos coitianta sa tsochaí, is cuí scrúdú a dhéanamh ar an ngá lena dhéanamh sainordaitheach go nglacfaí le cátaí dochair/creidmheasa chun íoc as turais tacsáí. Ní mór smaoineamh ar chostas, áfach, agus cinneadh mar sin á thógáil. Ní mar is amhlaidh le gnáth-chúrsaí tráchtála, déantar an t-uastáille is féidir a ghearradh ar thuras tacsáí a rialáil. Dá bharr sin, sa chás go ndéanfaí sainordaitheach modh íocaíochta lena dtabhófaí costas breise d'oibritheoir an tacsáí, ní mór é sin a chur san áireamh agus uastáillí tacsáí á rialáil.

Bíonn dhá chostas breise i gceist le glacadh le híocaíocht le cáta dochair nó creidmheasa istigh sa charr nach mbíonn i gceist le híocaíocht le hairgead tirim. Baineann an chéad chostas le teirminéal a chur san fheithicil a ghlacfaidh le híocaíochtaí cáta-bhunaithe agus a fhíordheimhneoidh iad. Tá raon leathan réiteach teirminéal ar fáil sa mhargadh ó sholáthróirí éagsúla, agus tá athrú suntasach ar an gcostas, ag brath ar an gcineál teirminéil a roghnaítear, ó thart ar €50 go dtí thart ar €400. An dara costas, an muirear a ghearrann an soláthróir réitigh cáta ar an idirbheart íocaíochta féin. De ghnáth is céatadán é sin a bhunaítear ar luach an idirbhirt. Luaitear muirir idir 2.5% agus 3.5% in aghaidh an idirbhirt. Mar chúiteamh ar na muirir bhreise a bhaineann le híocaíochtaí cáta, is cuí liúntas a neadú sna táillí leasaithe. Ní bheidh gá le tiománaithe a chúiteamh as gach turas, mar déantar go leor turas trí bhíthin aipeanna atá nasctha le cuntais íocaíochta cheana féin agus níl íocaíochtaí airgid tirim i gceist le “hobair eile”. Ina theannta sin, leanfar le hairgead tirim a úsáid chun íoc as go leor turas.

Bunaithe ar an seans go ndéanfar 10% go 15% breise de thurais tacsáí a n-íoctar astu le cártaí istigh sa charr, moltar 0.5% breise a chur san áireamh sa mhéid d'uastáillí chun sainordú a éascú go nglacfaí le híocaíochtaí le cárta dochair agus creidmheasa i ngach tacsáí. Cuireadh an mhír seo san áireamh faoi 'Chostais Ilghnéitheacha' sa TCI.

4.5 An tInnéacs Costas Tacsaithe 2019

Is iad costais reatha, costais sheasta agus costais saothair na trí phríomhchatagóirí costais don TCI 2019. Cuireadh dhá TCI ar leithligh le chéile; ceann do gach leibhéal gníomhaíochta mar a leagtar amach i gCuid 4.4.1. Tagraíonn gach ceann de na costais sin do bhliain amháin oibríochtaí le haghaidh tacsáí. Ní thabhaítear roinnt de na costais sheasta gach bliain. Tá na costais sin bliantúlaithe bunaithe ar an minicíocht iarbhair ina dtabhaítear iad, nó i gcásanna áirithe, ar bhonn tuisceana réadúil bunaithe ar dhea-chleachtas an tionscail.

Tábla 1.2: Cur síos ar an ngné costas reatha bliantúil

Gné Innéacs	Cur síos
Breosla	Costas bliantúil breosla
Seirbhísiú	Costas mionseirbhísiú agus mórsheirbhísiú
Glanadh	Costas mórsceimmartha agus mionghlanta
Boinn	Costas boinn a athsholáthar
Páirteanna spártha	Costas páirteanna spártha chun an carr a choimeád i gceart
Costais Reatha Ilghnéitheacha	Cuirtear an ghné seo san áireamh mar theagmhas d'aon chostais bhreise a thabhaítear agus tacsáí á oibriú. San Athbhreithniú Uastáille seo, tá costas breise measta curtha san áireamh a d'éireodh as an riachtanas a mholtar a thabhairt isteach chun íocaíochtaí le cárta a chur ar fáil ach teirminéal a úsáid.

Tábla 4.3: Cur síos ar an ngné costas seasta bliantúil

Gné Innéacs	Cur síos
Ceannach agus Maoiniú Cairr	Costas bliantúlaithe ar iasacht cairr glan ó luach athdhíola
Árachas	Costas as árachas a chur ar thacsáí – ag brath ar phróifíl an tiománaí
Cleamhnachtaí - oibreoir seachadta traidisiúnta/ seirbhís aipe	Clúdaíonn costas cleamhnachta le hoibreoir seachadta traidisiúnta nó seirbhís aipe
Athsholáthar Trealamh–riachtanais rialála	Costas bliantúlaithe an trealamh atá riachtanach faoi rialacháin tacsáí, ina measc méadair, printéirí, comharthaí dín, brandáil agus fearas sábháilteachta riachtanach (múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach)
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	Costas bliantúlaithe as ceadúnas fheithicil tacsáí a athnuachan
Mótarcháin	Mótarcháin bhliantúil atá le híoc as an bhfeithicil
Táillí Aerfoirt	Táille as oibriú ag aerfort
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteáin (NCT)	Costas as NCT tréimhsiúil a dhéanamh
Fíorú Méadair	Costas bliantúlaithe as méadar a fhíorú
Calabhrú agus Clárú Méadair	Costas bliantúlaithe as calabhrú agus clárú méadair
Ceadúnas Tiomána SPSV	Costas bliantúlaithe as ceadúnas tiomána tacsáí
Ceadúnas Tiomána Náisiúnta	Costas bliantúlaithe as ceadúnas tiomána feithicle

Tábla 4.4: Cur síos ar an ngné costas saothair bhliantúil

Gné Innéacs	Cur síos
Costais Saothair	Meastachán ar thuilleamh an tiománaí

Tugtar breac-chuntas sa chuid seo a leanas ar an modheolaíocht agus ar na luachanna a úsáideadh do gach gné costais.

4.5.1 Costais Reatha

Tagraíonn na costais reatha bliantúla do na costais ó lá go lá a bhaineann le tacsáí a oibriú. Tá breosla, seirbhísiú, glanadh agus boinn san áireamh ar na costais sin. Bunaítear costais reatha sa TCI ar leibhéal gníomhaíochta mheasta tiománaithe. Mar a shoiléirítear i gCuid 4.4.1, measadh dhá leibhéal gníomhaíochta ar leithligh agus taispeántar thíos na costais reatha bunaithe ar an dá leibhéal gníomhaíochta sin.

Tábla 4.5: Costais Reatha

	Leibhéal Gníomhaíochta	
	Meastachán CSO	Meastachán Tiománaithe
Gné Innéacs	29,951km	42,000km
Breosla	€1,869	€2,621
Seirbhísiú	€454	€637
Glanadh	€966	€966
Boinn	€376	€527
Páirteanna Spártha	€270	€378
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€489	€533
Costais Reatha Iomlána	€4,424	€5,662

- **Breosla:** Ríomhadh meánmhéid ualaithe de na rátaí ídithe breosla in aghaidh an chiliméadair do na trí chineál cairr is coitianta, agus fuarthas meánphraghsanna díosail agus peitрил in 2018 ón CSO.
- **Seirbhísiú:** Ríomhtar costais seirbhísithe trí bhíthin meánmhéid ualaithe costas do na trí chineál cairr is coitianta. Bunaítear eatraimh idir mórsheirbhísiú agus mionseirbhísiú ar shonraíochtaí déantúsóirí agus aimsítear costais ó na príomhdhíoltóirí agus ó fhaisnéis fhoilsithe.
- **Glanadh:** I gcomhréir le hAthbhreithnithe Uastáille roimhe seo, glacadh leis go bhfaigheann feithiclí tacsáí dhá “mhórscomradh” in aghaidh na bliana agus dhá “mhionghlanadh” in aghaidh na seachtaine. Leithdháileadh €75 ar gach sciomradh, an meánchostas a tuairiscíodh sa Suirbhé ar Thiománaithe, agus leithdháileadh €8.50 ar gach mionghlanadh, bunaithe ar thaighde ar an tionscal. Cuimsítear leis sin costas as níochán cairr, nó am an tiománaí má dhéanann siad féin é.
- **Boinn:** Dar leis an Suirbhé ar Thiománaithe, faigheann tiománaithe boinn nua gach 35,833km ar an meán, rud atá i gcomhréir leis na rátaí a úsáideadh in TCInna roimhe seo. Déantar an meánchostas as sraith iomlán bonn a cheannach agus a fheistiú ó shampla de na mórsholáthróirí agus déantar é a ríomh don dá leibhéal gníomhaíochta.
- **Páirteanna Spártha:** Leagadh amach ráta €900 in aghaidh an 100,000km san Athbhreithniú Uastáille 2014 chun athsholáthar pháirteanna spártha amhail ceallraí, cuimilteoirí gaothscátha, maolairí turrainge, pillíní agus díoscaí coscáin a chur san áireamh. Déantar an ráta sin a nascadh le boillsiú leis fo-innéacs an CSO, ‘Páirteanna spártha agus oiriúintí do threalamh iompair phearsanta’. Níor tháinig aon athrú suntasach air ó 2014. Dá bhar sin, coinníodh an ráta sin, €900 in aghaidh an 100,000km.
- **Costais Reatha Ilghnéitheacha:** Baineadh roinnt míreanna costais lánroghnacha ón TCI 2014 agus cuireadh gné costais ghinearálta €300 ann ina n-áit, le haghaidh costas reatha

ilghnéitheach. Mar chuid den Athbhreithniú Uastáille seo, ardaíodh an ghné costais sin chun meastachán a thabhairt ar an meánchostas breise a bheadh ag tiománaithe mar thoradh ar thabhairt isteach an mholta nach mór do thiománaithe an rogha a thabhairt do chustaiméirí íoc le cárta trí bhíthin teirminéal cárta. Beidh éagsúlachtaí ar an gcostas as an riachtanas sin a chomhlánú, de réir leibhéil ghníomhaíochta an tiománaí, mar go mbíonn táille ceannaí i gceist le gach idirbheart cárta ar leithligh, de ghnáth. Dá bharr sin, cuireadh costas €189 (do mheastachán an CSO ar leibhéil ghníomhaíochta) agus €233 (i gcás Mheastachán an Tiománaí ar leibhéil ghníomhaíochta) leis an mír seo sa TCI, rud a thugann réimse idir €489 agus €533 ar Chostais Reatha Ilghnéitheacha.

4.5.2 Costais Sheasta

Tagraíonn costais seasta bhliantúla do na costais le híos a thabhaítear go neamhspleách ó leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe. Áirítear ar na costais sheasta sa chuid seo, na cinn a bhaineann le ceannach agus maoiniú cairr, árachas, caiteachas ar chleamhnacht le hoibreoirí seachadta traidisiúnta agus/nó seirbhísí aipe, agus an trealamh atá riachtanach faoi rialacháin. Tá miondealú iomlán ar chostais sheasta i dTábla 4.6 thíos.

Ní thabhaítear gach costas seasta gach bliain. Tá na costais sin bliantúlaithe bunaithe ar an minicíocht a dtabhaítear iad (go hiarbhir nó mar a nglactar leis bunaithe ar dhea-chleachtais an tionscail).

Tábla 4.6: Costas Seasta

Gné Innéacs	Costas 2019
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€3,655
Árachas	€2,190
Cleamhnacht – oibreoir seachadta traidisiúnta/ seirbhís aipe	€4,800
Athsholáthar Trealamh – riachtanais rialála	€300
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	€150
Mótarcháin	€95
Táillí Aerfoirt	€37
An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT)	€62
Fíorú Méadair	€43
Calabru agus Clárú Méadair	€45
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50
Ceadúnas Náisiúnta Tiomána	€6
Costais Seasta Iomlána	€11,433

- **Ceannach agus Maoiniú Cairr:** Ríomhtar an costas bliantúil as maoiniú feithicle bunaithe ar phraghas mheánmhéid ualaithe ar iasacht théarma 5-bliana do na trí chineál cairr is mó a bhfuil tóir orthu ag tiománaithe tacsáí: Toyota Avensis, Skoda Octavia agus Toyota Prius. Glactar leis go gceannaítear feithiclí agus iad 3 bliana d’aois agus go n-athdhíoltar iad nuair a bhíonn siad 8 mbliana d’aois. Aimsíodh an luach ceannaigh/athdhíola sin ó *Motor Trade Publishers*, agus ríomhadh an costas maoinithe le meánrátaí ó shampla de mhóriasachtóirí. Tá an costas as ceannach agus maoiniú cairr arna léiriú thuas glan ón meánluach athdhíola.
- **Árachas:** Tá stair árachais tiománaí maidir ríthábhachtach don tslí a gcinntear costais árachais do thiománaithe SPSV. Bunaítear costais árachais sa TCI ar ghnáth-thiománaí ionadaíoch a

bhfuil taithí cúig bliana aige/aici ag tiomáint tacsáí¹¹. Chuathas i gcomhairle bhróicéirí árachais i ndáil leis na costais árachais is dócha a dtabhódh gnáth-thiománaí ionadaíoch a mbeadh ceadúnas glan, Toyota Avensis 5 bliana d'aois agus bónas cheal éilimh cúig bliana ar pholasaí tacsáí aige/aici. Fuarthas meastachán €1,820 in aghaidh na bliana¹². Tá sin difriúil ón Suirbhé ar Thiománaithe 2019 a fuair gurbh é €2,558¹³ an gnáthchostas as árachas i measc thiománaithe fheithiclí tacsáí 'caighdeánacha' (i.e. tiománaithe a raibh taithí acu). Measadh gurbh é an lárphointe idir an dá luach sin (€2,190) an meastachán cóir ar na costas a bhíonn ar ghnáth-thiománaí ionadaíoch lena gcur san áireamh sa TCI. Tá tacaíocht aige sin ó thaighde tionscail a rinneadh thar ceann an NTA i rith 2018, ina fuarthas go bhféadfadh tiománaí a raibh bónas cheal éilimh ar pholasaí tacsáí aige/aici a bheith ag súil le €2,094 go €2,150 a íoc.

- **Cleamhnacht le hoibreoir seachadta traidisiúnta/seirbhís aipe:** Tabhaíonn cion suntasach den tionscal tacsáí costais a bhaineann le cleamhnacht le hoibreoir seachadta traidisiúnta, seirbhís aip, nó an dá rud. €4,800 an gnáthchostas as cleamhnacht le hoibreoir seachadta traidisiúnta. Fuarthas sin ón Suirbhé ar Thiománaithe 2019 inar sainaithníodh gurbh é thart ar €100 an meánchostas in aghaidh na seachtaine oibre.

Mar a leagtar amach i gCuid 3.4, thit an cion tiománaithe atá cleamhnaithe le hoibreoir seachadta traidisiúnta le blianta beaga anuas agus tá cleamhnacht le haip tacsáí ag éirí níos coitianta. Mar sin féin, athrú mór ar mhodheolaíocht an TCI a bheadh ann dá n-athrófaí an tslí a ríomhtar costais chleamhnachta chun léiriú a thabhairt ar an struchtúr cleamhnachta atá ag athrú. Bheadh sé níos iomchuí é sin a chur i bhfeidhm mar chuid 'd'athbhunú' níos leithne ar an TCI agus chomh luath agus a bheidh tuilleadh sonraí ar an treo seo ar fáil, seachas mar chuid den 'nuashonrú' seo ar an TCI.

- **Soláthar trealaimh nua – riachtanais rialála:** Tá roinnt píosaí trealaimh riachtanach faoi na rialacháin reatha chun tacsáí a oibriú, lena n-áirítear méadar tacsáí, printéir, comhartha dín tacsáí agus comhartha dorais tacsáí oifigiúil. Tá ar oibreoirí tacsáí fearas sábháilteachta a choimeád san fheithicil freisin, ina bhfuil múchtóir dóiteáin, fearas garchabhrach, triantán, veist ard-infheictheachta agus tóirse. Cinneadh costas as fuinneoga a bhfuil imir orthu a bhaint i gcás gach ceann de na trí chineál cairr is coitianta freisin. Ríomhadh costas bliantúil trealaimh ó shampla de mhórsholáthróirí agus tá sé bunaithe ar athsholáthar gach cúig bliana.

¹¹Bíonn préimheanna árachais níos airde ag tiománaithe gan taithí agus aithnítear go bhfuil ardú tagtha ar an líon tiománaithe gan taithí san fhlít le blianta beaga anuas. Mar sin féin, is cuí é fós meastacháin ar chostas árachais a bhunú ar phróifíl an ghnáth-thiománaí ionadaíoch, mar a rinneadh i ríomhanna TCI roimhe seo, mar gheall go bhfuil ar a laghad cúig bliana taithí ag formhór mór na dtiománaithe san fhlít tacsaithe reatha, agus ísleofar préimheanna árachais na dtiománaithe nach bhfuil an taithí sin acu de réir mar a fhaigheann siad níos mó taithí. Fuarthas i dtaighde a rinneadh don NTA roimhe seo, cé go bhféadfadh tiománaithe nach raibh taithí acu ag tiomáint tacsáí thart ar €6,600 a íoc, go dtiteann an costas go leanúnach sna chéad chúig bliana agus go bhfanann sé cobhsaí ina dhiaidh sin.

¹²Is ceart a thabhairt ar aird nach bhfuil oibleagáid ar sholáthróirí árachais, mar fhiontair thráchtála phríobháideacha, faisnéis faoi fhachtóirí riosca agus préimheanna a chur ar fáil.

¹³Ó 2010, is do FAVanna a bhí gach ceadúnas nua tacsáí agus hacnaí a eisíodh. Mar thoradh air sin, is daoine níos óige, atá nua sa tionscal, agus atá gan taithí iad cion mór de na tiománaithe FAVanna sa Suirbhé ar Thiománaithe 2019. Dá bharr sin, bheadh sé níos iomchuí an meánluach a fuarthas ó thiománaithe fheithiclí 'caighdeánacha' agus sin amháin a úsáid agus iarracht á déanamh na costais ar ghnáth-thiománaí ionadaíoch a thuiscint.

- **Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí:** Tá costas €150 as ceadúnas tacsáí a athnuachan le haghaidh 12 mhí (ag glacadh leis go ndéantar athnuachan sula dtéann an ceadúnas roimhe in éag).
- **Táillí Aerfoirt:** D'fhonn oibriú ó stadanna tacsáí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort na Sionainne, tá ar thiománaithe tacsáí cead aerfoirt a cheannach. Tá ceadanna ag tuairim is 1450 tiománaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath (thart ar 8% den fhlít tacsaithe), agus tá costas €440 in aghaidh na bliana ar na ceadanna sin. Cé go mbíonn éagsúlacht i gceist leis an gcostas sin, ag brath ar an bplean íocaíochta a roghnaíonn an tiománaí, glactar leis go n-íocann tiománaithe in aon tráthchuid bhliantúil amháin.
- **An Tástáil Náisiúnta Gluaisteán (NCT):** Ní mór do thacsaithe atá níos lú ná deich mbliana d'aois dul faoin NCT gach bliain ar chostas €55. Mar sin féin, ní mór do thacsaithe os cionn deich mbliana d'aois (13% den fhlít) dul faoi dhá NCT sa bhliain, ar chostas bliantúil €110. Rinneadh an costas liostaithe a ualú chun na riachtanais tástála éagsúla sin a chur san áireamh.
- **Calabhrú agus Clárú Méadair:** Glacadh leis go dteastaíonn athchlárú méadair gach re bliain agus cinneadh costas €90 an babhta air sin.
- **Costais Eile:** Fuarthas an costas ar mhótarcháin, fíorú méadair agus ceadúnais tiomána ó shonraí atá ar fáil go poiblí. Rinneadh na costais ar fhíorú méadair agus ceadúnais tiomána a bhliantúlú mar seo a leanas:
 - Glactar leis go dteastaíonn fíorú méadair gach re bliain.
 - Ní mór ceadúnas tiomána SPSV a athnuachan gach cúig bliana.
 - Ní mór ceadúnas tiomána caighdeánacha a athnuachan gach deich mbliana.

4.5.3 Costais Saothair

Mar a leagtar amach i gCuid **Error! Reference source not found.**, is iad na meánchostais saothair bhliantúla na príomhchostais a cuireadh san áireamh sa TCI. Bunaithe ar shonraí ón CSO maidir le meántuilleamh seachtainiúil 'oibrithe táirgthe, iompair, ceardaíochta agus oibrithe láimhe eile', ríomhadh costas saothar bliantúil €25,878.

Tábla 4.7: Costais Saothair

Gné Innéacs	Costais 2018
Costais Saothair	€25,878

Is é saothar an ghné is mó den TCI, rud a fhágann gurb iad athruithe ar chostais saothair a bhfuil an tionchar is mó acu ar threo agus ar mhéad an TCI ó bhliain go bliain.

4.5.4 Costais Iomlána

Is iad costais reatha, costais sheasta agus costais saothair na costais iomlána maidir le tacsáí a oibriú. Mar gheall gurb iad leibhéil ghníomhaíochta tiománaithe a chinneann costais reatha, tá na costais reatha agus na costais iomlána a léirítear i dTábla 4.8 bunaithe ar an meastachán ón CSO ar leibhéil ghníomhaíochta agus meastacháin ón Suirbhé ar Thiománaithe Tacsáí. Caitear le costais saothair mar rud síoraí sa TCI, agus ní bhíonn aon tionchar ag athruithe ar leibhéil ghníomhaíochta ar chostais sheasta ach oiread.

Tábla 4.8: 2018 Innéacs Costas Tacsaithe

Leibhéal Gníomhaíochta

	Meastachán CSO	Meastachán Tiománaithe
Gné Innéacs	29,951km	42,000km
Costais Reatha	€4,424	€5,662
Costais Sheasta	€11,433	€11,433
Costais Saothair	€25,878	€25,878
Costais Iomlána	€41,735	€42,973

4.6 Achoimre agus Conclúid

Tugtar achoimre ar an Athbhreithniú ar an Uastáille Náisiúnta Tacsaí 2019 agus déantar comparáid idir iad agus Athbhreithniú Uastáille 2017 i dTábla 4.9. Bunaíodh TCI 2017 ar mheastacháin ar leibhéal gníomhaíochta de 32,624km, bunaithe ar shonraí ón CSO agus 49,000km bunaithe ar an Suirbhé ar Thiománaithe Tacsaí.

Tá laghdú tuairim is 8 faoin gcéad tagtha ar leibhéil gníomhaíochta bunaithe ar shonraí ón CSO go dtí 29,951km sa bhliain, agus tá laghdú tuairim is 14 faoin gcéad tagtha ar leibhéil gníomhaíochta bunaithe ar an Suirbhé ar Thiománaithe. Má ghlactar leis nach bhfuil athrú ar aon fhachtóir eile, bíonn mar thionchar ag laghdú ar leibhéil gníomhaíochta go dtagann laghdú ar na costais a bhaineann le tacsaí a oibriú, agus vice versa. Léirítear an laghdú ar leibhéil gníomhaíochta ón nuashonrú deireanach ar an TCI sa laghdú ar chostais reatha bunaithe ar mheastachán an tiománaí ar leibhéil gníomhaíochta mar a léirítear i dTábla 4.9. Tá laghdú beag tagtha freisin ar chostais sheasta ó 2017. Mar sin féin, is é an t-ardú ar chostais saothair an t-athrú is mó a tharla agus an phríomhchúis leis an ardú sa TCI.

Maidir le costais, tugtar le tuiscint sa TCI go bhfuil ardú tagtha ar an gcostas as tacsaí a oibriú ón Athbhreithniú Uastáille 2017. Tá ardú **5.04 faoin gcéad** tagtha ar an gcostas bunaithe ar leibhéil gníomhaíochta tiománaithe de réir an CSO, agus tá ardú **4.18 faoin gcéad** tagtha ar chostais bunaithe ar leibhéil gníomhaíochta de réir an tSuirbhé ar Thiománaithe.

Tábla 4.9: Athruithe Coigeartaithe TCI, 2016-2018

	Leibhéal Gníomhaíochta – CSO 2016	Leibhéal Gníomhaíochta - Suirbhé Tiománaithe 2017	Leibhéal Gníomhaíochta – CSO 2018	Leibhéal Gníomhaíochta - Suirbhé Tiománaithe 2019
Bliain	2016	2016	2018	2018
Ciliméadair	32,624km	49,000km	29,951km	42,000km
Costais Reatha	€4,309	€5,825	€4,424	€5,662
Costais Sheasta	€11,478	€11,478	€11,433	€11,433
Costais Saothair	€23,945	€23,945	€25,878	€25,878
Costais Iomlána	€39,732	€41,248	€41,735	€42,973
% Athrú 2017-2019			+5.04%	+4.18%

5. Conclúidí agus Moltaí

5.1 Táillí

Fás Eacnamaíoch

Tá fás mór tagtha ar ghníomhaíocht gheilleagrach na hÉireann ó 2016, as a dtáinig éileamh níos mó ar iompar poiblí, lena n-áirítear tacsaithe, de bharr tuilleadh fostaíochta agus caiteachais mhiondíola. Meastar go bhfuil lánfhostaíocht in Éirinn anois, as a dtáinig boilsciú pá i ngach earnáil den gheilleagar.

Cé go dtuairtear go leanfar leis an bhfás geilleagrach seo, is bagairtí iad an Breatimeacht agus éiginnteacht sa staid dhomhanda gheilleagrach. Is dócha go mbeidh Éire ag céim dheireanach sa timthriall gnó, i ndiaidh thréimhse d'fhás geilleagrach leanúnach nach rabhthas ag súil léi, le blianta beaga anuas. Mar gheall go mbíonn tionchar mór ar an tionscal tacsáí ag gníomhaíochtaí sóisialta agus caithimh aimsire, bheifeá ag súil go mbeadh tuilleadh éilimh ar thacsaithe ag an ardú leanúnach ar fhostaíocht agus ar chaiteachas tomhaltóirí, ach tá beagán amhras faoi sin mar gheall ar an éiginnteacht faoi na réamhaisnéisí fáis don todhchaí.

Sa Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019, thuairiscigh daichead faoin gcéad de na daoine fásta a ndearnadh suirbhé orthu gur úsáid siad tacsáí le sé mhí anuas. Tá sin cosúil leis na torthaí ón suirbhé a rinneadh don Athbhreithniú Uastáille in 2017, nuair a d'úsáid 39 faoin gcéad de dhaoine tacsáí le sé mhí anuas. D'aontaigh leath d'fhreagróirí an tSuirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 go dtugann tacsaithe luach maith ar airgead, tríd is tríd, agus d'easaontaigh 18 faoin gcéad disagreed.

Athrú ar chostais oibriúcháin sa tionscal

Bhí Athbhreithniú Uastáille 2019 ag teacht le modheolaíocht Athbhreithniú Uastáille 2014 agus Athbhreithniú Uastáille 2017, tríd is tríd. An t-aon athrú suntasach, gur cuireadh san áireamh na costais mheasta mar thoradh ar thabhairt isteach riachtanas nua maidir le saoráid íocaíochta le cárta ag úsáid teirminéal cárta a chur ar fáil do chustaiméirí. Bhí measúnú bunúsach ar na gnéithe, na boinn tuisceana agus an mhodheolaíocht a úsáidtear san Innéacs Costas Tacsaithe (TCI) san áireamh san Athbhreithniú Uastáille 2014.

Rinneadh athbhreithniú ar uastáillí i ndiaidh an Athbhreithnithe Uastáille 2017, mar sin is í 2017 an bhliain ábhartha sa TCI ó thaobh comparáidí de. Ach meastachán ar mhíleáiste bliantúil nó 'leibhéil ghníomhaíochta tiománaí' bunaithe ar shonraí ón CSO de **29,951km** do 2018 (a úsáideadh i TCI 2019) agus **32,624km** do 2016 (a úsáideadh i TCI 2017) a úsáid, is é **5.04 faoin gcéad** an t-ardú ar an innéacs. Mar is amhlaidh le blianta roimhe seo, ríomhadh an t-athrú sa TCI bunaithe ar mheánleibhéil ghníomhaíochta a thuairiscigh tiománaithe tacsáí, arbh ionann é agus **49,000km** in 2017 agus **42,000km** in 2019. Tá ardú **4.18 faoin gcéad** tagtha ar chostais bunaithe ar leibhéil ghníomhaíochta ón Suirbhé ar Thiománaithe.

Moladh

Moltar ardú **4.5 faoin gcéad** ar an meán a chur ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí chun an t-ardú ar chostais oibriúcháin do thiománaithe tacsáí de réir an athraithe sa TCI a chur san áireamh.

5.2 A Bheith ar Fáil san Oíche

Scrúdaíodh an cheist faoi thiománaithe a spreagadh le bheith ag obair san oíche mar chuid den Athbhreithniú Uastáille 2019. Rinneadh tástáil sa suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí agus tiománaithe ar an gceist faoi cibé an bhfuil easpa tacsaithe ar fáil san oíche agus má tá, cibé an bhfuil tiománaithe íogair ó thaobh athrú ar tháillí (i.e. spreagadh táillí níos airde ardú ar an líon uaireanta a d'oibreodh tiománaithe san oíche).

Mar rogha chun tiománaithe a spreagadh le bheith ag obair san oíche, d'fhéadfaí aon ardú foriomlán ar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí a ualú níos láidre i dtreo na dtaraifí ardráta agus na táille tosaigh, seachas an ráta caighdeánach. Bhí na nithe seo a leanas i measc na bpríomh-thorthaí ón bhfianaise a scrúdaíodh maidir leis sin ón Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 agus ón Suirbhé ar Thiománaithe Tacsáí 2019:

- Ní thugtar le tuiscint sa Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 go bhfuil fadhb mhór ann leis an bhfáil ar thacsaithe san oíche. Bhí ar ochtó a hocht faoin gcead d'úsáideoirí tacsáí arbh é san oíche an t-am deireanach a d'úsáid siad tacsáí (idir 9pm agus 5am) fanacht deich nóiméad nó níos lú, agus níor thuairiscigh ach 4 faoin gcéad de na freagróirí go raibh orthu fanacht 20 nóiméad nó níos mó.
- Tugtar le tuiscint ó thorthaí an tSuirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 nach bhfuil difear mór sna hagaí feithimh d'úsáideoirí tacsáí a thuairiscigh úsáideoirí a d'úsáid tacsáí ar chúiseanna sóisialta i gcomparáid le húsáideoirí a d'úsáid tacsáí ar chúiseanna eile an t-am deireanach. Tugann an méid sin le tuiscint nach bhfuil difear mór san fháil choibhneasta ar thacsaithe san oíche ná mar atá i rith an lae. D'fhan seasca faoin gcéad de na daoine a d'úsáid tacsáí ar chúiseanna sóisialta an t-am deireanach níos lú ná cúig nóiméad agus d'fhan 22 faoin gcéad idir cúig agus deich nóiméad.
- Thuairiscigh thart ar 18 faoin gcéad de thiománaithe nár oibrigh siad de ghnáth i gceann ar bith de na bandaí ama idir 8pm agus 8am. As na tiománaithe sin, níor luaigh ach 17 faoin gcéad díobh go smaoiníodh siad ar bheith ag obair san oíche dá mbeadh na táillí níos airde. Is iad sábháilteacht phearsanta agus cúinsí pearsanta na gnéithe is suntasaí a bhfuil tionchar acu ar chinneadh tiománaithe gan a bheith ag obair san oíche. Ní dúirt ach 6 faoin gcéad díobh sin nach n-oibríonn san oíche gurb amhlaidh mar gheall 'nach fiú é ó thaobh an airgid de'. Tugann an méid sin le tuiscint gur seans go mbeadh tionchar teoranta ag an Ardráta Uastáille Náisiúnta Tacsáí a dhéanamh cuid mhaith níos airde ná an Ráta Caighdeánach, ar an minicíocht a roghnaíonn tiománaithe tacsáí reatha a bheith ag obair san oíche.

Bunaithe ar an bhfianaise thuas, moltar, sa chás go n-ardófar an Uastáille Náisiúnta Tacsáí i gcomhréir le torthaí an Innéacs Costas Tacsaithe, nach gá gur chóir í a ualú níos láidre i dtreo na dtáillí Ardráta cheal fianaise bhreise nó údar eile (seachas chun tiománaithe reatha a spreagadh a bheith ag obair san oíche níos minice).

5.3 Athchóiriú ar an Struchtúr Táillí

Ceann de chuspóirí an NTA agus an Uastáille Náisiúnta Tacsáí a leagan amach ná measúnú a dhéanamh ar an struchtúr táillí chun trédhearcacht a chinntiú agus le go mbeidh sé éasca do chustaiméirí costas a dturas faoi leith a mheas.

Tá an "Meastóir Táille Tacsáí" ar fáil ar láithreán gréasáin *Transport for Ireland* chun cabhrú leis an bpobal a bhíonn ag taisteal maidir leis sin: <https://www.transportforireland.ie/taxi/taxi-fare-estimator/>

I ndiaidh an Athbhreithnithe ar an Uastáille Náisiúnta 2014, rinneadh an struchtúr táillí cuid mhaith níos simplí agus ní mholtar athrú ar bith ar an struchtúr táillí mar chuid den athbhreithniú seo.

Aguisín A – Meastachán a dhéanamh ar Leibhéil Ghníomhaíochta

Baintear úsáid as leibhéil ghníomhaíochta sa TCI chun athruithe ar na costais oibriúcháin a bhíonn éagsúil ag brath ar leibhéil ghníomhaíochta a ríomh, mar shampla breosla, boinn, páirteanna spártha d'fheithiclí agus seirbhísí. Baintear úsáid as an achar bliantúil a thaistealaíonn tiománaithe mar ionadaíocht do na leibhéil ghníomhaíochta sa TCI. Ag glacadh leis nach go bhfanann na gnéithe uile eile cobhsaí, bíonn laghdú ar na costais a bhaineann le tacsáí a oibriú mar thoradh ar laghdú ar leibhéil ghníomhaíochta agus vice versa.

Meastachán a dhéanamh ar Leibhéil Ghníomhaíochta bunaithe ar shonraí ón CSO

Sonraí ar an méid tráchta ón bPríomh-Oifig Staidrimh (CSO) is ea an foinse is oibiachtúla i gcomhar sonraí don achar bliantúil a thaistealaíonn feithicil. Déanann an CSO meastacháin ar an achar bliantúil a thaistealaíonn tacsaithe ach sonraí ón tSeirbhís Náisiúnta Tástála Carranna (NCT) agus ón Údarás um Shábháilteacht ar Bhóithre. Mar sin féin, aithnítear go bhfuil na sonraí ar mhíleáiste ón CSO teoranta, as mhéid is go léiríonn siad míleáiste pearsanta agus míleáiste oibre. Ag glacadh leis nach mbíonn ar thiománaithe tacsáí tabhairt faoi 'chomaitéireacht' *per se*, ní mór míleáiste pearsanta a bhaint ó mheastachán an CSO chun an leibhéal gníomhaíochta oibriúcháin a aimsiú as féin.

Is féidir meastachán ardleibhéil a thabhairt ar mheán-mhíleáiste pearsanta ach an t-achar bliantúil a thaistealaíonn carranna príobháideacha agus an míleáiste comaitéireachta a bhaint de. Measadh gur 7,200 ciliméadar a bhí san achar bliantúil taistil mar chuid den Athbhreithniú Uastáille 2014, inar úsáideadh an meán-achar comaitéireachta bliantúil ón Suirbhé Taistil Teaghlaigh 2012 a d'fhoilsigh an NTA agus inar glacadh leis go raibh 48 seachtaine sa bhliain oibre. Coinníodh an meastachán sin mar níl fáil ar fhaisnéis níos cothroime le dáta faoin achar comaitéireachta bliantúil.¹⁴

Bíonn aga moille i gceist leis na sonraí a eisiúnn an CSO agus mar sin tagraíonn na sonraí is deireanaí atá ar fáil don bhliain 2017. Dar leis an CSO, thaistil carranna príobháideacha meánmhéid de 17,881km in 2017. Ach an t-achar comaitéireachta bliantúil measta a míníodh thuas a bhaint de sin, faightear míleáiste pearsanta de 10,681km in 2017.

Thaistil tacsaithe meánmhéid de 39,845km in 2017. Chun meán-achar oibriúcháin bliantúil a mheas, baineadh míleáiste pearsanta de sin, mar a thaispeántar thíos:

$$\begin{aligned} \therefore \text{meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2017} \\ = \text{meánmhéid bliantúil de km 2017} - \text{km phearsanta} \end{aligned}$$

$$\therefore \text{meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2017} = 39,845\text{km} - 10,681\text{km}$$

$$\therefore \text{meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2017} = 29,164\text{km}$$

Mar sin féin, d'fhéadfadh gur mhíchuí é figiúr 2017 a úsáid leis féin, mar tá athrú tagtha ar staid an mhargaidh ó 2017. Tá luaineacht i gceist leis an éileamh agus tá ardú tagtha ar an soláthar ó 2017. Dá bharr sin, chun leibhéil ghníomhaíochta 2018 a mheas, tá athruithe ar sholáthar agus ar éileamh idir 2017 agus 2018 curtha san áireamh, ag úsáid modheolaíocht lena meastar an luaineacht san éileamh ar thacsaithe i gcaitheamh tréimhsí ama.

¹⁴ Níl meastachán ar mheán-achar comaitéireachta sa tuarascáil ar an Suirbhé Taistil Teaghlaigh 2017 a d'fhoilsigh an NTA.

D'fhoill an t-éileamh ar thacsaithe a rianú, is gá na cúiseanna le taisteal i dtacsáí a thabhairt ar aird. Iarradh ar úsáideoirí tacsáí sa Suirbhé ar Úsáideoirí Tacsáí 2019 faoi na cúiseanna ar úsáid siad tacsáí an t-am deireanach i dtacsáí dóibh, agus roinneadh na príomhchúiseanna ina gcatagóirí leathana, amhail ócáidí sóisialta, cuairteanna ar chairde agus daoine muinteartha, nó chun críche oibre.

Maidir le gach ceann de na gnéithe sin, measadh luaineacht san éileamh bunaithe ar innéacsanna ón CSO. Mar shampla, is féidir gluaiseachtaí san éileamh míosúil ar thacsaithe le haghaidh siopadóireachta a mheasa ach sonraí miondíolacháin ón CSO a úsáid. Maidir le gach ceann de na cúiseanna eile, tá sonraí ráithiúla ar fáil chun críocha thaisteal teaghlaigh. Léirítear na cúiseanna sa Tábla thíos agus tugtar ualú ábhartha agus na hinnéacsanna a úsáideadh chun luaineacht éilimh a mheas.

Tábla A.1: Ualú um chúis turais a úsáideadh chun luaineacht éilimh a mheas

Cúis taistil	Modh réamhaisnéisithe	Ualú	% Athrú 2017-2018
Gnó	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – cúis turais = gnó	9.5%	+12.4%
Siopadóireacht	CSO: Méid an Innéacs Míosúil Miondíolacháin – Gach gnó miondíola seachas carranna agus beáir	8.6%	+4.1%
Sóisialta	CSO: Méid an Innéacs Míosúil Miondíolacháin – Beáir	49.1%	-1.2%
Pearsanta	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – Cúis turais = cuairt a thabhairt ar chairde/dhaoine muinteartha	13.8%	+21.4%
Ceangal le críochfoirt iompair eile	CSO: méid turas ag cónaitheoirí na hÉireann – Cúis turais = saoire, dul thar lear	2.6%	+5%
Eile	Tairiseach ar glacadh leis	16.4%	+0%

Agus na hinnéacsanna seo á n-úsáid chomh maith lena gcuid ualaithe coibhneasta, is féidir meastachán a dhéanamh ar luaineachtaí in éileamh ar thacsaithe bunaithe ar chúiseanna leis an turas. Mar sin, ríomhtar fachtóir éilimh 2018 bunaithe ar an meán ualaithe de na gluaiseachtaí a tugadh faoi deara sna hinnéacsanna seo ó 2017. Ríomhadh fás 4 faoin gcéad ar an éileamh ar sheirbhísí tacsáí ar an mbonn sin, agus tugann sé sin fachtóir éilimh atá comhionann le 1.04.

Is í an chéad chéim eile chun leibhéil ghníomhaíochta 2018 a shocrú ná soláthar a chur san áireamh. Tá ardú tagtha ar an líon tacsaithe ó 2017. Is gá é sin a chur san áireamh agus na leibhéil ghníomhaíochta reatha á meas, mar ciallaíonn níos mó ceadúnas níos lú gníomhaíochta in aghaidh na feithicle, mura mbeidh athrú ar aon ghné eile. Idir Nollaig 2017 agus Nollaig 2018, tháinig ardú 1.3 faoin gcéad ar an líon tacsaithe san fhlít náisiúnta. Mar sin, is ionann an fachtóir soláthair 2018 agus 1.013, nach mór.

gcomhthéacs chúrsaí éilimh agus soláthair atá luaite thuas, is féidir achar bliantúil a ríomh agus an fhoirmle seo a leanas á húsáid:

$$\text{meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2018} = 29,164\text{km} \times \frac{(\text{fachtóir éilimh 2018})}{(\text{fachtóir soláthair 2018})}$$

$$\therefore \text{meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2018} = 29,164\text{km} \times \frac{1.04}{1.013}$$

$\therefore$ meánmhéid bliantúil de km oibriúcháin 2018 = **29,951 km**

Meastachán a dhéanamh ar Leibhéil Gníomhaíochta bunaithe ar Shuirbhé 2019 ar Thiománaithe (Ualú Samplach)

Sa Suirbhé ar Thiománaithe, iarradh ar thiománaithe tacsáí faoina leibhéil gníomhaíochta bhliantúla. Bhí difríochtaí móra sna torthaí bunaithe ar cibé ar thiomáin an tiománaí feithicil chaighdeánach nó feithicil lán-inrochtana (FAV). Thiomáin tiománaithe FAVanna 10,000km breise gach bliain, ar an meán. De bharr go raibh líon cuid mhaith níos mó de thiománaithe FAV ná an meánmhéid náisiúnta sa sampla sin ón suirbhé, cinneadh na figiúirí sin a ath-ualú bunaithe ar an gcion iarbhair de thiománaithe FAV agus de thiománaithe thacsaithe caighdeánacha. Leis sin, fuarthas 42,000km mar leibhéal gníomhaíochta measta tiománaithe.

Tábla A.2: Meastacháin Thiománaithe ar Leibhéil Gníomhaíochta Bhliantúla

	Meastachán tiománaí ar leibhéil gníomhaíochta	An cion den fhlít
Feithicil chaighdeánach	40,600km	87%
Feithicil lán-inrochtana	51,400km	13%
Meánmhéid ualaithe	42,004km	

Ríomhadh costais reatha sa TCI bunaithe ar an dá leibhéal gníomhaíochta: meán-achar an CSO de 29,951km agus achar tiománaí de 42,000km.

Aguisín B - Comparáid le hInnéacsanna Costas Tacsaithe roimhe seo

Sa chuid seo tá comparáid idir TCI 2019 agus TCInna ó 2012. Ríomhadh TCInna ó 2014 le meastacháin ar leibhéil ghníomhaíochta ón CSO agus ón Suirbhé ar Thiománaithe, agus ath-ríomhadh TCI 2012 san Athbhreithniú ar Uastáille Náisiúnta Tacsáí 2014 chun meastachán inchoimparáide ar chostais reatha a chur ar fáil.

Tábla B.1: TCInna stairiúla ó Mheastacháin ar Leibhéil Ghníomhaíochta Bunaithe ar Shonraí ón CSO

Gné	Inchoimparáide 2012	2014 (27,804 km)	2017 (32,624 km)	2019 (29,951 km)
Breosla	€ 2,061.39	€ 1,950	€1918.00	€1,869.00
Seirbhísiú	€ 554.65	€353	€437.00	€454.00
Glanadh	€776.94	€892.00	€988.00	€966.00
Boinn	€ 273.80	€278.00	€373.00	€376.00
Páirteanna Spártha	€241.88	€252.00	€294.00	€270.00
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€313.17	€300.00	€300.00	€489.00
Costais Reatha Iomlána	€4,221.83	€4,026.00	€4,309.00	€4,424.00
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€ 2,677.55	€ 3,014.00	€3,534.00	€3,655.00
Árachas	€1,951.00	€ 1,817.00	€2,400.00	€2,190.00
Cleamhnacht – oibreoir seachadta traidisiúnta/seirbhís aipe	€4,600.00	€4,628.00	€4,752.00	€4,800.00
Athsholáthar Trealamh - riachtanais rialála	€265.41	€298.00	€298.00	300.00
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	€125.00	€125.00	€150	150.00
Cáin Bhóithre	€88.00	€95.00	€95.00	95.00
Táillí Aerfoirt	€36.62	€35.48	€38.00	37.00
Tástáil NCT	€73.56	€66.00	€67.00	62.00
Fíorú Méadair	€46.13	€ 43.00	€43.00	43.00
Calabrá agus Clárú Méadair	€45.00	€45.00	€45.00	45.00
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50.00	€ 50.00	€50.00	50.00
Ceadúnas Tiomána Náisiúnta	€2.50	€5.50	€6.00	6.00
Costais Seasta Iomlána	€ 9,960.76	€10,221.50	€11,478.00	€11,433.00
Costais Saothair Iomlána	€25,712.28	€24,246.0	€23,945.00	€25,878.00
Iomlán TCI	€ 39,894.88	€38,493.00	€39,732.00	€41,735.00

Tábla B.2: TCIInna Stairiúla ó Mheastachán ar Leibhéil Ghníomhaíochta Bunaithe ar Shonraí ón Suirbhé ar Thiománaithe

Gné	2012 (inchomparáide le figiúr 2014)	2014 (62,052 km)	2017 (49,000 km)	2019 (42,000 km)
Breosla	€4,600.55	€4,352.00	€2881.00	€2,621.00
Seirbhísiú	€1,237.85	€798.00	€656.00	€637.00
Glanadh	€776.94	€892.00	€988.00	€966.00
Boinn	€611.07	€621.00	€560.00	€527.00
Páirteanna Spártha	€539.81	€563.00	€441.00	€378.00
Costais Reatha Ilghnéitheacha	€313.17	€300.00	€300.00	€533.00
Costais Reatha Iomlána	€8,079.39	€7,517.00	€5,825.00	€5,662.00
Ceannach agus Maoiniú Cairr	€2,677.55	€ 3,014.00	€3,534.00	€3,655.00
Árachas	€1,951.00	€ 1,817.00	€2,400	€2,190.00
Cleamhnacht – oibreoir seachadta traidisiúnta/seirbhís aipe	€4,600.00	€4,628.00	€4,752	€4,800.00
Athsholáthar Trealamh – riachtanais rialála	€265.41	€298.00	€298.00	300.00
Athnuachan Cheadúnas Fheithicle Tacsáí	€125.00	€125.00	€150	150.00
Cáin Bhóithre	€88.00	€95.00	€95.00	95.00
Táillí Aerfoirt	€36.62	€35.00	€38.00	37.00
Tástáil NCT	€73.56	€66.00	€67.00	62.00
Fíorú Méadair	€46.13	€ 43.00	€43.00	43.00
Calabrá agus Clárú Méadair	€45.00	€45.00	€45.00	45.00
Ceadúnas Tiomána SPSV	€50.00	€ 50.00	€50.00	50.00
Ceadúnas Tiomána Náisiúnta	€2.50	€5.50	€6.00	6.00
Costais Seasta Iomlána	€9,960.77	€10,221.50	€11,478.00	€11,433
Costais Saothair Iomlána	€25,712.28	€24,246.24	€23,945.00	€25,878.00
Iomlán TCI	€43,752.43	€41,984.00	€41,248.00	€42,973.00

